TG4 Tuarascáil Bhliantúil 2012

Misean, Fís & Croíluachanna	3
Gealltanais TG4 do 2012	5
Buaicphointí Feidhmíochta 2012	11
Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile	21
Tuarascáil an Chathaoirligh	22
Tuarascáil an Ardstiúrthóra	24
Rialachas Corparáideach	28
Athbhreithniú Airgeadais 2012	30

A R T O

Misean, fís agus croíluachanna

Cuireann TG4 roimhe "seirbhís mhealltach teilifíse agus ábhar nuálach Gaeilge a chur ar fáil lena ndéantar ceiliúradh ar chruthaitheacht agus ar shaoithiúlacht na hÉireann — teanga, cultúr, ceol agus spórt, agus iad curtha i láthair go tarraingteach d'fhonn caidreamh a chothú leis an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain".

Is í an aisling atá ag TG4 "an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn chun áit lárnach a chinntiú do TG4 i saol an Éireannaigh, in Éirinn agus thar lear".

Tá achoimre ar fhís agus ar mhisean TG4 le fáil i mana TG4, *súil eile*, ar mana é a thugann aitheantas do ghá le cloí le cláir phríomhshrutha nideoige trí chláir ardchaighdeáin a choimisiúnú/fháil agus a chraoladh, is é sin le rá, cláir atá in ann a bheith san iomaíocht do leibhéal ard lucht féachana agus atá in ann na leibhéil arda sin a bhaint amach agus a choinneáil.

Téann luachanna TG4 i gcion ar an tslí ina mbainfear an straitéis sin amach agus ar an stíl ar dá réir a oibríonn sí agus, tríd is tríd, léiríonn siad na prionsabail atá i gcroílar shaintréithe na heagraíochta. Bítear ag súil go ndéanfaidh gach fostaí de chuid TG4 na luachanna sin a úsáid mar threoirphrionsabail trína stiúrfar a n-iompraíocht le linn dóibh a bheith ag obair.

Croíluachanna TG4

Ceangal:

- Ceangal laethúil leis an nGaeilge a chur ar fáil do gach teaghlach sa tír.
- An lucht féachana a chur i lár báire san uile ní dá ndéanaimid.
- Malairt léargais a sholáthar ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Caighdeán agus Luach ar Airgead:

- Sceideal clár ardchaighdeáin a chur ar fáil.
- Struchtúr éifeachtach éifeachtúil ó thaobh costais a chur i bhfeidhm.

Cruthaitheacht:

- A bheith cruthaitheach maidir leis an aschur agus maidir le gach ní a dhéanaimid.
- Leanúint de chláir nuálacha uathúla a chur ar fáil.

Réamhghníomhach:

- Meon an chumais, mar a cothaíodh san eagraíocht agus san fhoireann agus mar atá bunaithe faoi seo, a choinneáil ar bun.

"The pick of the indigenous crop again this year is from TG4"

Pat Howley
Tuam Herald

Europcar
SIDI

Gealltanais TG4 do 2012

Don bhliain 2012, chuir TG4 caoga gealltanas chun cinn maidir le sé théama mar a leanas:

i An t-ábhar a sholáthraítear
ii An Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt
iii Forbairt seirbhíse agus teicneolaíochta
iv Úsáid cistí poiblí
v Rialachas
vi Craolachán freagrúil iontaofa

An tÁbhar a Sholáthraítear

Sa bhliain 2012, déanfaidh TG4 mar a leanas:

1 1709 n-uaire an chloig ar a laghad d'ábhar Gaeilge nua bunaidh ardchaighdeáin a choimisiúnú agus a chraoladh thar an raon iomlán seánra chun léargas sainiúil TG4, *súil eile* a chinntiú.

2 Leanúint den tiomantas i leith ábhar Gaeilge nua ardchaighdeáin, ar ábhar siamsúil, idirghníomhach, oideachasúil é, a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga agus, tríd an ábhar sin, leanúint de dhearcadh dearfach i leith na Gaeilge a spreagadh.

3 Clúdach neamhspleách cuimsitheach, agus malairt léargais a sholáthar i ndáil le nuacht agus cúrsaí reatha ar oileán iomlán na hÉireann agus ar fud an domhain.

4 Léiriú a dhéanamh ar thábhacht an spóirt, go háirithe spórt na hÉireann, i saol agus i gcultúr na hÉireann. Déanfaimid roinnt mórimeachtaí spóirt a bheochraoladh agus, tríd is tríd, beidh ról tábhachtach ag clúdach spórt trí mheán na Gaeilge inár gclársceideal don bhliain 2012.

5 Leanúint de nascadh leis an bpobal féachana (idir reatha agus nua), agus siamsaíocht a chur ar fáil don phobal sin, le drámaíocht láidir Ghaeilge, le hábhar faisnéise agus le cláir shiamsaíochta/nósanna mair-eachtála, ina measc an sobaldráma *Ros na Rún*.

6 Ábhar a sholáthar a léiríonn tábhacht an cheoil agus na n-ealaíon i saol agus i gcultúr na hÉireann.

7 Spás a sholáthar do chláracha a thacaíonn le foghlaim agus le forbairt phearsanta sa lucht féachana, ina measc ábhar reiligiúin agus eolaíochta agus teicneolaíochta.

8 Ábhar go príomha i nGaeilge a sholáthar agus féachaint le híosmhéid 4.68 uair an chloig d'ábhar nua/bunaidh Gaeilge a chraoladh gach lá.

9 Leanúint de dhul i dtreo croí-chlársceideal teilifíse 35 seachtain.

10 Tionscnaimh a chur i gcrích chun cruthaitheach agus nuálaíocht a spreagadh agus a chur chun cinn inár gcuid clár.

11 Íosmhéid 607 uair an chloig d'ábhar nua/bunaidh Gaeilge a choimisiúnú ón earnáil neamhspleách léiriúcháin Gaeilge. De bhreis air sin, déanfar os cionn 200 uair an chloig d'ábhar athghuthaithe agus 400 uair an chloig d'fhotheidil a choimisiúnú.

12 Uasmhéadú a dhéanamh ar luach ar airgead a fháil i gcruthú ár gclár trí oibriú go dlúth le Líonra Craoltóirí Teilifíse Dúchasacha an Domhain (WITBN) agus le craoltóirí eile agus le grúpaí eile sna meáin ar chomhléiriú, ar mhalartú clár agus ar thionscnaimh eile.

13 Forbairt leanúnach ar an tseirbhís Seinnteoir TG4 (www.tg4.tv) a choimeád ar bun agus feabhas á chur go leanúnach ar ábhar agus ar chaighdeáin.

"Paddy Don Patricio . . . TG4's exquisite documentary on a most extraordinary man"

Mary Hannigan
Irish Times Sport

14 Fotheidil a sholáthar ar chláracha TG4 agus aon bhearta is féidir a dhéanamh chun rochtain ar chláracha a mhéadú do dhaoine sa lucht féachana a bhfuil míchumas fisiciúil, céadfach nó intleachta orthu.

15 Straitéis ábhair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhonn leas a bhaint as ár gcláir chun foinsí nua ioncaim a ghiniúint.

An Ghaeilge agus Cultúr na hÉireann a Chur Chun Cinn agus a Fhorbairt

De bhreis ar 1709 uair an chloig ar a laghad d'ábhar nua agus d'ábhar bunaidh Gaeilge a chraoladh i rith na bliana, déanfaidh TG4 mar a leanas sa bhliain 2012:

16 Seirbhís ardchaighdeáin chraolta agus ábhair a sholáthar, ar seirbhís í trína ndéantar an Ghaeilge agus a féiniúlacht a cheiliúradh agus a chur chun cinn ar bhealach taitneamhach inrochtana.

17 Cláracha go príomha i nGaeilge a sholáthar agus nasc leis an nGaeilge a chur ar fáil don uile theaghlach ar oileán na hÉireann.

18 A chinntiú go bhfreagraíonn ár gcuid cláracha do chultúr phobal oileán na hÉireann agus do chultúr phobal na Gaeltachta ach go háirithe. Cinnteoimid freisin go bhfreagraíonn an tseirbhís do riachtanais na bpobal Gaeltachta agus na dteaghlach arb í an Ghaeilge a dteanga laethúil.

19 Tacú leis an Rialtas chun an Ghaeilge a athbheochan trí oibriú go dlúth leis ar chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge (2010-2030).

20 Seirbhís Ghaeilge a sholáthar ar fud an domhain lenár seirbhísí gréasáin agus Seinnteora, agus 1.5m cuairteoir sainiúil agus 9m imprisean leathanach ar-líne agus 3m sruth cláir a bhaint amach sa bhliain 2012.

21 Féachaint le suíomh gréasáin TG4 a bhunú mar shuíomh gréasáin críochnaitheach na Gaeilge agus mar fhoinse ábhair i nGaeilge ar-líne agus go háirithe ábhar Gaeilge do pháistí.

22 Cartlann a fhorbairt go caighdeán barr-réime mar thaca don Ghaeilge agus do chultúr agus d'oidhreacht na hÉireann agus mar cheiliúradh ar na nithe sin.

23 Ról lárnach a imirt chun tacú leis an earnáil neamhspleách léiriúcháin Gaeilge — i bpáirt le gníomhaireachtaí eile, tionscnaimh a fhorbairt agus a fheidhmiú chun tallann agus cumas cruthaitheach na hearnála a chur chun cinn.

24 Cabhair a thabhairt maidir leis an earnáil neamhspleách léiriúcháin Gaeilge a neartú trí thacú léi i ndáil le €4.5m ar a laghad a fháil ó ÚCÉ (Údarás Craolacháin na hÉireann) agus €2 ar a laghad a fháil ó CCG (Ciste Craoltóireachta Gaeilge) Thuaisceart Éireann i gcomhair choimisiúin TG4, de bhreis ar mhaoiniúchán do thrí thionscadal ó Bhord Scannán na hÉireann.

25 Sciar den chaiteachas ar ábhar Gaeilge a thiomnú do chomhlachtaí Gaeltachta.

26 Comhoibriú le CCG Thuaisceart Éireann chun an earnáil léiriúcháin Gaeilge i dTuaisceart Éireann a fhorbairt tuilleadh trí dhíriú ar líon beag comhlachtaí i ndáil le comhthograí forbartha clár.

Forbairt Seirbhíse agus Teicneolaíochta

Sa bhliain 2012, déanfaidh TG4 mar a leanas:

27 Ár sciar den lucht féachana náisiúnta a choinneáil agus a mhéadú, más féidir agus na modhanna go léir chun féachaint ar an tseirbhís ar na hardáin dhigiteacha ar fad (traidisiúnta, iarfhéachaint, ar-líne srl) á gcur san áireamh. De bhreis air sin, féachfar le sciar TG4 a fheabhsú, nuair is féidir, in aicmí déimeagrafacha tábhachtacha — páistí, daoine fásta óga agus daoine fásta.

28 Leanúint de leathnú a dhéanamh, agus d'fheabhas a chur ar láithreacht TG4 ar na hardáin chraolta go léir, agus ardáin ar-líne agus ardáin shoghluaiste san áireamh.

29 Leathú na Teilifíse Digití Trastíre (DTT) a chur i gcrích sa Tuaisceart agus sa Deisceart araon, trí oibriú i bpáirt le RTÉNL maidir le dáileadh TG4 ar MUX 1 agus le húdaráis na Ríochta Aontaithe maidir le TG4 a dháileadh ar MUX 7 i dTuaisceart Éireann. De bhreis air sin, scrúdóidh TG4 an fhéidearthacht a bhaineann le dara cainéal TG4 ar MUX 2 sa Deisceart.

30 Seirbhís TG4 a leathnú ar bhonn uile-oileáin trí mhéadú a dhéanamh ar rochtain ar na hardáin chraolacháin go léir sa Tuaisceart.

31 Plean Teilifíse Ardghléine (HDTV) don bhliain 2012 a chur i bhfeidhm d'fhonn an t-athrú chuig cumas iomlán HDTV a bheith curtha i gcrích faoin mbliain 2013.

32 An córas Bainistíochta Acmhainní Digiteacha (DAM) a chomhtháthú le córais tábhachtacha eile de chuid TG4 agus tosú ar fhorbairt Chéim 3 de DAM (an chartlann). Leanfar freisin d'uasghrádú na gcóras ríthábhachtach craolacháin agus riaracháin agus na bpróiseas/nósmhaireachtaí gaolmhara oibre.

"You have to hand it to TG4 for their coverage of Gaelic Games"

Karl O'Kane
Irish Daily Star

33 Tionscnaimh a chur i gcrích chun nuálaíocht agus turgnamh a chothú inár gcuid seirbhísí craolacháin.

34 TG4 a neartú trí fheachtais nuálacha éifeachtacha margaíochta agus brandála a sholáthar.

35 Ioncam tráchtála tuairim is €3m a shaothrú sa bhliain 2012.

36 Cultúr síor-fheabhais a choinneáil le hinfheistíocht leanúnach i dtallann agus trí chur chuige straitéiseach a chur i bhfeidhm maidir le forbairt scileanna.

Úsáid Cistí Poiblí

Sa bhliain 2012, déanfaidh TG4 mar a leanas:

37 70% ar a laghad dár maoiniúchán poiblí a chaitheamh ar ábhar Gaeilge, 15% eile a chaitheamh ar chraoladh agus 15% a chaitheamh ar fhorchostais. Déanfaimid an úsáid a bhaintear as maoiniúchán poiblí a theorannú do bhaint amach ár gcuspóirí agus ár ndualgas seirbhíse poiblí.

38 An costas in aghaidh na huaire an chloig do chláracha a choinneáil mar atá agus luach ar airgead a chinntiú.

39 Leanúint d'fheidhmiú ar an mbonn is cost-éifeachtaí agus is féidir agus luach ar airgead a sholáthar i ndáil le gach rud a dhéanaimid.

40 Thart ar 100 post a sholáthar go díreach agus tuairim is 300 post lán-aimseartha san earnáil neamhspleách léiriúcháin a chothú, rud a chuirfidh le cumas na hÉireann san earnáil chruthaitheach, eolas-bhunaithe.

41 Cur le ranníocaíocht na bliana roimhe sin leis an ngeilleagar náisiúnta trí thart ar €58m a chur leis an tuilleamh náisiúnta, rud a leanann fostaíocht ghaolmhar suas le 700 post breise as.

Rialachas

Sa bhliain 2012, déanfaidh TG4 mar a leanas:

42 Ár ndualgais reachtúla ar fad a chomhlíonadh de réir mar a léirítear inár gcuid cuspóirí, cód craolacháin agus rialachán srl.

43 Oibriú i ndlúthpháirt lenár bpríomh-gheallsealbhóirí, RCFAN (Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha) agus ÚCÉ, chun tacú le forbairt an pholasaí craolacháin agus chun déanamh de réir ár ndualgas go léir maidir le rialachas agus comhlíonadh.

44 Leanúint leis na comhráite leanúnacha le geall-shealbhóirí tábhachtacha eile na hearnála, le rialtóirí, le craoltóirí, le lucht cumtha polasaí agus le heagrais thábhachtacha eile maidir le gach gné d'oibríocht an chraolacháin, de cóid chraolacháin agus de rialacháin chraolacháin.

45 Oibriú i ndlúthpháirt le Bord TG4 chun na cóid agus na rialacháin cheangailteacha ar fad ar fúthu a fheidhmímid a chomhlíonadh.

46 Ráiteas Straitéise uasdátaithe a dhréachtú agus a fhoilsiú agus leanúint de chás i gcomhair méadaithe maoiniúcháin a chur i láthair an Rialtais agus leanúint de chur chuige ilbhliantúil de réir mar a léirítear san Acht Craolacháin 2009.

47 Trí Iniúchadh Inmheánacha a sholáthar mar aon le hathbhreithniú ar Bhainistiú Riosca TG4.

Craoladh Freagrúil Iontaofa

Sa bhliain 2012, déanfaidh TG4 mar a leanas:

48 Tionscnaimh a chur i gcrích chun tuairimí faoi ábhar agus faoi sheirbhísí TG4 a fháil chun a chinntiú go bhfreastalaímid ar riachtanais an lucht féachana agus go bhfreastalaímid ar ionchais na bpobal dá bhfónaimid.

49 Beidh TG4 neamhspleách, neamhchlaonta, iontaofa i ngach ní a dhéanaimid.

50 Geallann TG4 feasacht agus tuiscint ar chultúir eile a chothú.

"just how does TG4 keep turning out such fantastic documentaries?"

Pat Stacey
Evening Herald

VOTE
PEOPLES
DEMOCRAC
JOBS FOR ALL
HOUSES FOR A
VOTES FOR A
NOW

Buaicphointí Feidhmíochta 2012

D'éirigh go maith le TG4 maidir lena ghealltanais a chomhlíonadh sa bhliain 2012 in ainneoin na timpeallachta airgeadais a bhí thar a bheith deacair:

- Rinne TG4 45 cinn dá 50 gealltanas don bhliain 2012 "a chomhlíonadh go hiomlán". Astu sin, sháraigh 13 an spriocfheidhmíocht.
- I gcás dhá ghealltanas "comhlíonadh beagnach go hiomlán iad" agus i gcás 3 cinn "comhlíonadh go substaintiúil iad". Bhí sé sin amhlaidh mar gheall ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear: spleáchas ar mhaoiniú a bheith ar fáil; an margadh teilifíse in Éirinn atá ag éirí níos iomaíche; moill ar thús na scéime maoiniúcháin Cartlainne srl. Tugtar tuairisc mhionsonraithe orthu sa tuarascáil.

Aschuir Clár Gaeilge

1,669 uair an chloig a bhí in aschur TG4 de chláir Ghaeilge bhunaidh/nua sa bhliain 2012, is é sin, 4.57 uair an chloig sa lá ar an meán. 1,709 uair an chloig agus meánmhéid de 4.68 uair an chloig in aghaidh an lae an sprioc a bhí ag TG4 don bhliain 2012, rud a chiallaíonn nár bhain TG4 a sprioc don bhliain amach de mhéid imeallach nach raibh ann ach 2.3%. Feidhmíocht mhaith a bhí ansin i dtimpeallacht a bhí dúshlánach.

5,074 bhí sa líon iomlán uaire an chloig de chláir Ghaeilge a craoladh sa bhliain 2012 — 58% de na huaire an chloig go léir a craoladh. Is toradh dearfach é sin i gcomparáid le 56.6% sa bhliain 2011.

I measc na bpríomhchlár Gaeilge áiríodh na cláir sheanbhunaithe rialta amhail *Ros na Rún*, *Geantraí*, *Comhrá* agus *7 Lá* chomh maith le cláir nua amhail *Scéal na Gaeilge*, *Na Bóithre Iarainn*, *Jockey Eile*, *Jump Boys*, *Ceol ón gClann*, *Buail Cois*, *The West's Awake* agus *Séasúr Bhreandáin Feiritéar*. Is ceart tagairt ar leith a dhéanamh freisin do *Corp & Anam*. Fuair sé dhá ghradam ag Féile na Meán Ceilteach, lena n-áirítear gradam Spiorad na Féile agus Gradam Scannán & Teilifíse na hÉireann (IFTA). De bhreis air sin, fuair *Ó Tholg go Tolg* an gradam Ceilteach sa chatagóir do chláir dhaoine óga. Bhí ionad láidir ag cláir spóirt ar TG4 i rith 2012. I measc na gclár spóirt a craoladh i rith na bliana áirítear CLCG, Peil na mBan, rugbaí, rásaíocht chapall agus leadóg srl. agus d'éirigh go hanmhaith leo i dtaca leis an líon daoine sa lucht féachana do TG4. Mar shampla, shroich TG4 lucht féachana níos mó ná 550,000 duine le haghaidh mór-imeachtaí spóirt amhail laethanta Chluichí Ceannais Pheil na mBan agus an cluiche rugbaí idir Laighean agus Mumha. Leanadh le seirbhís laethúil TG4 do leanaí agus do dhaoine óga agus i measc na gclár a bhí ann áirítear *Cúla4 na nÓg* do leanaí réamhscoile, *Cúla4* do leanaí níos sine ná sin agus *Ponc* do dhéagóirí.

Cáilíocht na gClár

Sa bhliain 2012, leanadh den líon mór gradam agus ainmniúchán a bhí faighte ag TG4 i mblianta roimhe seo. Léiríonn na gradaim agus na hainmniúcháin sin cáilíocht agus sainiúlacht chláir TG4, a ghníomhaíochtaí margaíochta/brandála agus a phearsantachtaí. Sa bhliain 2012, fuair TG4 72 gradaim agus ainmniúcháin éagsúla, agus ba ghradaim/ainmniúcháin cláir iad 35 cinn díobh agus ba ghradaim/ainmniúcháin pearsantachta TG4 iad 9 gcinn díobh. Go sonrach, fuair TG4 dhá ghradam de chuid Ghradaim Scannán & Teilifíse na hÉireann (IFTA) agus 10 n-ainmniúchán thar raon a chuid clár agus ba iad *Bernadette – Notes on a Political Journey* agus *Corp & Anam* a fuair an dá ghradam. Fuarthas gradaim agus ainmniúcháin ó Fhéile na Meán Ceilteach, 10 gcinn san iomlán lena n-áirítear dhá ghradam do *Corp & Anam* agus *Ó Tholg go Tolg*. Bronnadh Spiorad na Féile ar *Corp & Anam* freisin. Ghnóthaigh TG4 13 gradaim agus ainmniúcháin an Gradam Grand Prix do *An Píopa/The Pipe* ag Féile Idirnáisiúnta Scannán Ile-De France. Ghnóthaigh TG4 gradaim agus ainmniúcháin ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais. Ina measc sin áirítear

gradaim agus ainmniúcháin do naoi bpearsantacht de chuid TG4. I measc na ngradam iomráiteach eile áirítear an Golden Documentary Award do *Misinéirí Radacacha* ag na Prestige Film Awards, California. Is ionann na gradaim agus na hainmniúcháin mórluacha sin agus léiriú ar chumas TG4 maidir le hábhar a choimisiúnú lena ngabhann dearcadh sainiúil *súil eile* atá uathúil agus taitneamhach agus atá in ann ní amháin dul i gcion ar an lucht féachana intíre ach freisin déanamh go maith i gcomórtais idirnáisiúnta clár.

Lucht Féachana

Bhain TG4 meán-lucht féachana laethúil 14% amach sa bhliain 2012 (577,000 duine a d'fhéach ar an gcainéal ar bhonn laethúil). Bhain sé meánsciar thart ar 2% amach freisin. Choinnigh TG4 a n-áit mar an 8ú cainéal is mó a

raibh muintir na hÉireann ag féachaint air sa bhliain 2012 — toradh thar a bheith dearfach i bhfianaise na gcéadta cainéal atá ar fáil don lucht féachana.

Go dtí seo, ós rud é nach bhfuil na hacmhainní ann is

gá chun dul in iomaíocht go tréan chun lucht féachana a mhealladh ar fud na bliana, díríonn TG4 a chuid acmhainní ar iomaíocht a dhéanamh faoi láthair ar bhuaic-ócáidí féachana — an Nollaig, an Cháisc agus Lá Fhéile Pádraig. Ag na tráthanna sin, léiríonn TG4 gur féidir leis iomaíocht a dhéanamh ar an leibhéal is airde agus gur féidir leis sciar maith den lucht féachana a bhaint amach ar na laethanta sin atá i measc na laethanta is iomaíche i rith na bliana. Ar dhá lá ar leith sa bhliain 2012 (an 15 agus an 29 Aibreán), ba é TG4 an dara cainéal is mó éileamh in Éirinn gan ach RTÉ a hAon chun tosaigh air. Ar na laethanta sin, fuair TG4 sciartha féachana idir 7% agus 8%. Ar Lá Fhéile Pádraig sa bhliain 2012, fuair TG4 sciar 4.6%. D'éirigh go hanmhaith le TG4 freisin ag an Nollaig sa bhliain 2012. **D'fhéach beagnach 1m duine ar TG4 gach lá agus d'fhéach 2.5 duine san iomlán ar an gcainéal le linn thréimhse na Nollag, arb í an tréimhse is iomaíche í san fhéilire foriomlán teilifíse.** Ba é a bhí i sciar féachana thréimhse na Nollag sa bhliain 2012 ná 3.3%, ar figiúr é sin atá go mór níos airde ná a ghnáthsciar. Rud atá chomh tábhachtach céanna, choinnigh TG4 a sciar den lucht féachana i gcomparáid leis an mbliain 2011 – toradh anláidir le linn thréimhse inar tharla mórathruithe agus méadú ar na roghanna féachana sa mhargadh teilifíse in Éirinn agus tráth ar lena linn a bhí na figiúirí féachana a bhí ag na príomhchainéil teilifíse go léir níos ísle ná le linn thréimhse na Nollag 2011. De bhreis air sin, mheall TG4 100,000 duine breise ar fheistí PVR agus ar sheirbhís Sheinnteoir TG4 thar thréimhse na Nollag 2012. Aidhm thábhachtach straitéiseach de chuid TG4 is ea tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i gcláir Ghaeilge ardchaighdeáin agus i sceideal láidir craolacháin chun an sciar den lucht féachana a mhéadú chuig na leibhéil sin ar feadh na bliana.

Is ceart a lua go léiríonn sé seo "féachaint" thraidisiúnta amháin. Ní léiríonn sé an lucht féachana ar ardáin dhigiteacha eile (i.e. seirbhís Sheinnteoir TG4, *www.tg4.tv*) ná ní léiríonn sé roinnt iar-fhéachana ar TG4 (i.e. i gcás ina ndéantar cláir TG4 a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht Fhístaifeadáin Phearsanta (PVR) amhail Sky Plus agus UPC+ i gcomhair féachana iar-fhéachana) Maidir leis an sciar den lucht féachana agus maidir leis an líon daoine sa lucht féachana, ní áirítear iontu an sciar agus an líon i dTuaisceart Éireann ná i dtábhairní agus i gclubanna sa Phoblacht. De bhreis ar na bearnaí sin maidir le tomhas an sciar, is ábhar imní e do TG4 le tamall anuas nach dtugann na figiúirí don sciar den lucht féachana agus don líon daoine sa lucht féachana léiriú fíor ar fheidhmíocht TG4 i ndáil le méid an lucht féachana in Éirinn. Ó tharla go gcraolann TG4 trí mheán na Gaeilge, tá craoladh á dhéanamh aige, le fírinne, trí mheán teanga mionlaigh. I dtaca le sampláil Nielsen (TAM Ireland) i gcomhair thomhas an lucht féachana, ní léiríonn sé na háiteanna ina labhraítear an Ghaeilge ar bhonn laethúil ná na háiteanna is láidre ó thaobh labhairt na Gaeilge de. Sa bhliain 2012, d'aithin TAM Ireland ábhar imní TG4 agus ceapadh measúnóir neamhspleách chun scrúdú a dhéanamh ar na modhanna tomhais agus chun measúnacht a dhéanamh i dtaobh an léiríonn sé, nó nach léiríonn sé, go hiomlán an líon daoine a fhéachann ar TG4. Déanfar an mheasúnacht sin sa bhliain 2013.

Sa bhliain 2012, rinne TG4 a chúigiú suirbhé lucht féachana (IPSOS MRBI) laistigh de dheich mbliana. Rinneadh agallaimh le cainteoirí Gaeilge ar fud oileán na hÉireann agus é mar chuspóir leis sin scrúdú a dhéanamh ar thuairimí agus ar bharúlacha faoi ghnéithe éagsúla de chláir TG4, faoi nuacht agus faoi chúrsaí reatha, faoi

íomhá TG4, faoina shuíomh gréasáin srl. Bhí torthaí an taighde an-dearfach agus bhí TG4 an-sásta leis an aiseolas a fuarthas. Mar shampla, d'aontaigh beagnach trí cheathrú de na freagróirí ar fud oileán na hÉireann go mbaineann cláir TG4 leo. De bhreis air sin, bhí na haidiachtaí a d'úsáid cainteoirí Gaeilge i leith TG4 an-dearfach, lena n-áirítear nithe amhail "oideachasúil", "cultúrtha", "do dhaoine de mo mhacasamhailse", "ardcháilíocht", "malartach" agus "gan imní faoi éagsúlacht".

Ioncam, Caiteachas, Barainneacht agus Luach ar Airgead

D'fhan maoiniúchán reatha TG4 ag €32.25m sa bhliain 2012 (lena n-áirítear €9.25m a leithroinneadh ón táille cheadúnais teilifíse). De bharr an laghdaithe mhóir ar chaiteachas fógraíochta, tháinig laghdú rud beag faoi bhun 2.2% ar ioncam TG4 ó urraíocht agus ó fhógraíocht, is é sin, laghdú ó €1.8m sa bhliain 2011 go €1.76m sa bhliain 2012. Tháinig méadú 7.6% ar ioncam tráchtála eile, áfach, ó €1.3m go €1.4m. I gcomparáid leis an mbliain 2011, tháinig méadú beagnach 2% ar ioncam reatha iomlán sa bhliain 2012, ó €3.11m go €3.17m.

I dtéarmaí sciar ioncaim, b'ionann an Deontas-i-gCabhair agus 91.2% den ioncam iomlán — is é sin, laghdú i gcomparáid le 2011 (91.33%). B'ionann sciar an ioncaim tráchtála agus beagnach 8.8% sa bhliain 2012, sin méadú ó 8.7% sa bhliain 2011.

€35.93m a bhí sa chaiteachas oibriúcháin iomlán sa bhliain 2012 agus léiríonn sin méadú beag i gcomparáid leis an mbliain 2011. I gcomhréir le cuspóirí TG4, b'ionann caiteachas ar chláir an ghné is mó dá chaiteachas oibriúcháin, is é sin le rá, 64% dá chaiteachas oibriúcháin iomlán. Ba iad na costais foirne an dara gné ba mhó agus b'ionann iad agus 14.6% den chaiteachas. Áirítear ansin pá agus tuarastail, leas sóisialach, costais phinsean, oiliúint agus forbairt, taisteal agus cothú, agus costais eile foirne. B'ionann margaíocht agus taighde agus 4.3% den chaiteachas oibriúcháin iomlán sa bhliain 2012 agus b'ionann na forchostais agus 5.2%.

Lean TG4 de dhíriú ar bhainistiú costas agus ar bharainneacht chomh maith le huasmhéadú a dhéanamh ar luach ar airgead i ngach réimse dá ghnó. Is ionann na méadrachtaí seo a leanas agus táscairí maithe ar bharainneacht agus ar luach ar airgead i dtaca le hoibríochtaí TG4:

- ***% de mhaoiniúchán Státchiste a caitheadh ar ábhar Gaeilge:*** caitheadh cion suntasach méadaithe den mhaoiniúchán poiblí ar ábhar Gaeilge — 71.4%. Bhí méadú ann sa líon uaire an chloig de chláir nua Gaeilge — ó 1,615 sa bhliain 2011 go 1,669 sa bhliain 2012. Caitheadh an 28.6% eile ar fhorchostais amhail cur chun cinn an chainéil agus a chuid clár. Bhí sé sin níos mó ná sprioc TG4 don bhliain (70%).

Bhí laghduithe ann nuair ab fhéidir ar chaiteachas oibriúcháin TG4 sa bhliain 2012. Mar shampla, laghdaigh TG4 a chaiteachas ar Mhargaíocht & Taighde de shuim 1.7% agus, chomh maith leis sin, laghdaigh sé costais foirne agus forchostais. Ach tá sé ag éirí níos deacra ná riamh tuilleadh laghduithe a bhaint amach a chostais atá laghdaithe go mór cheana féin sna trí bliana roimhe seo. Mar shampla, rinne TG4 laghduithe móra costais gnó sa tréimhse idir 2009 agus 2012 mar a leanas:

"TG4 has proven itself a huge supporter of indigenous country talent."

Michael Cummins
Irish Famers Journal



- Laghdú €1.35m ar thuarastail agus ar fhorchostais sa tréimhse ó 2009 go 2012 (thart ar €250k de CBL san áireamh).
- Laghdú €1.77m ar chostais clár seachtrach. (thart ar €750k de CBL san áireamh)
- Laghdú €1.38m ar chaiteachas ar nithe a fuarthas.
- Laghdú iomlán beagnach €4.5m – ar leibhéil chostais a bhí an-íseal cheana féin.

Tá sé tábhachtach a lua gur chuir TG4 feabhas ar tháirgeacht sa réimse léiriúcháin ábhair agus i réimsí eile i rith na bliana 2012. Ag éirí as chur i bhfeidhm an chórais Bainistíochta Acmhainní Digiteacha (DAM), bhí TG4 in ann forchostais saothair a shaoradh agus é a úsáid le haghaidh oibre soláthair ábhair/stiúideo. Is rud dearfach é sin agus is rud é a chumasóidh do TG4 tuilleadh ábhair agus Aipeanna a sholáthar gan méadú comparáideach ar chostais saothair agus ar fhorchostais. Meastar go bhfuil tuairim is €642k d'fhorchostas saothair á úsáid anois le haghaidh oibre forbartha ábhair/stiúideo. Nuair a chuirtear an córas cartlainne digití i bhfeidhm ní bheidh aon ghá le hábhar a ath-ionghabháil lena chraoladh athuair. De bhreis air sin, beidh sé indéanta sruthlíniú a dhéanamh ar infhaighteacht ábhair i gcomhair cuspóirí trasardáin agus is féidir gach clár atá sa chartlann a chóipeáil agus a athaicmiú lena dháileadh ar gach ardán VoD nó ar líne. De bharr chur i bhfeidhm DAM, bhí TG4 in ann daoine áirithe den fhoireann a shaoradh chun díriú ar fhorbairt na cartlainne Gaeilge freisin. Déanfar tuairim is €111k de na forchostais foirne a úsáid i leith na cartlainne Gaeilge, rud a léiríonn sábháil shuntasach iomlán de bharr chur i bhfeidhm chóras DAM laistigh d'eagraíocht TG4.

I dtéarmaí comparáidí chostais TG4 in aghaidh an uair an chloig de chláir choimisiúnaithe, tá costais TG4 sna príomhsheánraí níos ísle ná costais S4C agus an BBC araon. Agus difríochtaí margaidh á gcur san áireamh, soláthraíonn sé sin fianaise ar an mbéim a leagann TG4 ar chostais agus ar luach ar airgead.

Suíomh Gréasáin, Seinnteoir agus Feidhmchláir Shoghluaiste

Soláthraíonn TG4 seirbhís dhomhanda Ghaeilge trína sheirbhísí ar líne agus Seinnteora (www.tg4.tv) ar seirbhísí iad a chuireann an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann chun cinn. Le blianta beaga anuas tá méadú tagtha ar an líon cuairteoirí gréasáin, ar líon na n-imprisean leathanaigh agus ar líon na sruthanna cláir. Sa bhliain 2012, shroich an líon cuairteoirí uathúla a thug cuairt ar shuíomh gréasáin TG4 1.21m agus shroich an líon imprisean leathanaigh beagnach 11.5m. Mar an gcéanna, d'éirigh go maith leis an tseirbhís Seinnteora i rith na bliana agus bhí beagnach 1.6m sruth clár ann sa bhliain 2012.

Tá suíomh gréasáin TG4 ag barr na ranguithe domhanda le haghaidh suíomh gréasáin Gaeilge. Éacht mhór is ea sin ós rud é go raibh suíomh gréasáin TG4 sa 3ú háit sa bhliain 2011.

Rinne TG4 athdhearadh agus athfhorbairt ar láithreacht ghréasáin Cúla4 i rith na bliana 2012. Cuireadh isteach idirghníomhaíocht agus cluichí a bhaineann go sonrach le cláir Ghaeilge TG4 do leanaí. Ciallaíonn sé sin, de bhreis ar chur ar fáil Aipeanna Gaeilge do theileafóin chliste, go bhfuil rochtain níos fearr ann ar an nGaeilge agus go bhfuil níos mó deiseanna spraoi ann do leanaí atá ag foghlaim Gaeilge in Éirinn agus ar fud an domhain. Seoladh trí Aip nua Gaeilge do leanaí sa bhliain 2012 agus cuireadh athleaganacha Gaeilge d'ocht gcluiche ar líne ar fáil. Is ionann sin is a rá go bhfuil ceithre Aip Ghaeilge ar



fáil do leanaí réamhscoile. De bhreis air sin, rinneadh CúlaTV – seirbhís seinnteora teilifíse do leanaí — a bhunú ar shuíomh gréasáin TG4.

Ina theannta sin, cuireadh tús le forbairt Aip Sheinnteoir TG4 do iOS agus tá sé sin le seoladh sa bhliain 2013.

Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) agus Ardghléine (HD)

Scoitheadh an teilifís analógach ar an 24 Deireadh Fómhair 2012 sa Tuaisceart agus sa Deisceart araon. Tá TG4 ar fáil ar sheirbhís DTT Phoblacht na hÉireann (Saorview) atá ar fáil do 98% den daonra. Déantar TG4 a chraoladh ar Freeview i dTuaisceart Éireann freisin agus sroicheann sé thart ar 93% den daonra. Craoltar é ar shuíomh cainéil uimhir 51 arb é an ceann is feiceálaí d'aon cheann de chainéil Phoblacht na hÉireann ar an ardán sin. Tá TG4 tar éis leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chlúdach Saorview i gceantair iargúlta agus ghlac sé páirt iomlán san fheachtas feasachta a bhí ann mar ullmhúchán do scoitheadh na seirbhíse analógaí. Go háirithe, thug TG4 aird ar leith ar cheantair Ghaeltachta. Sa bhliain 2012, rinneadh an líon láithreán tarchuradóra dhigitigh a mhéadú ó 51, mar a bhí beartaithe, go 60 agus chlúdaigh cuid de na láithreáin sin ceantair Ghaeltachta lena n-áirítear an Daingean, Gleann Cholm Cille agus na Gleannta.

Trí na forbairtí sin, cuireadh i gcrích an leathadh digiteach agus cuireadh TG4 ar fáil ar fud na hÉireann ar gach ardán: seirbhís trastíre (Saorview agus Freeview); satailít (trí Shaorsat agus Sky i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann) agus cábla (UPC i bPoblacht na hÉireann agus Virgin Media i mBéal Feirste). Trí sheirbhís 'dlúthaithe' a thabhairt isteach ar chábla UPC sa bhliain 2012, leathnaíodh tuilleadh an rochtain ar ábhar TG4 i dteaghlaigh sa Phoblacht a íocann síntiús le UPC.

Tá aistriú á dhéanamh ag TG4 go cumas HD thar thréimhse dhá bhliain (R2 2011 go R2 2013) agus beidh sé in ann craoladh in HD ón mbliain 2013 ar aghaidh. Rinneadh uasghrádú TG4 go HD a mhiondealú ina chéimeanna éagsúla thar an tréimhse 24 mhí ionas go mbeidh cur chuige breisíoch bainistithe ann. Tá an tionscadal suntasach dhá bhliain seo ag dul ar aghaidh de réir an amchláir agus an bhuiséid agus cuirfear i gcrích é i R2 2013. Ar an 7 Deireadh Fómhair 2012, bhain TG4 cloch mhíle thábhachtach amach agus chuir sé tús le craoladh HD nuair a tharchuir sé *Peil na mBan Beo*, is é sin, cluichí ceannais Chraobh Pheile na mBan, in HD iomlán.

> *"The brilliant Jump Boys documentary on TG4 answered just about every question on jump racing"*
>
> Philip Reid
> *Irish Times Sport*

Tá sé beartaithe ag TG4 an dara cainéal a bhunú ar líne in ionad é a chur ar fáil ar MUX 2 ar Shaorview (de bharr cúiseanna maoiniúcháin ach, freisin, de bharr forbairt a bheith déanta i ndáil le deiseanna le haghaidh ábhair ilardáin). Is é an cuspóir atá ag TG4 feabhas a chur ar a sheirbhís Ghaeilge do leanaí agus do dhaoine óga chomh maith le tacú le hacmhainn foghlama Gaeilge a sholáthar. Is í an aidhm atá ann ná ardán tarraingteach a chruthú chun Gaeilge a fhoghlaim, go háirithe i gcás leanaí agus daoine óga, ar ardán é atá mar acmhainn spraoiúil, oideachasúil i gcomhair scileanna teangeolaíocha Gaeilge.

An Earnáil Léiriúcháin Gaeilge

Ar bhonn bliantúil, coimisiúnaíonn TG4 méid suntasach clár bunaidh agus go háirithe, faigheann sé an chuid is mó dá chláir ó chuideachtaí léiriúcháin i gceantair Ghaeltachta. Sa bhliain 2012, choimisiúnaigh TG4 beagnach €17.8m de chláir ón earnáil — sin méadú 1.7% i gcomparáid le caiteachas 2011.

Sa bhliain 2012, chaith TG4 €2.6m breise san earnáil léiriúcháin neamhspleách ar sheirbhísí dubála agus fotheidealaithe. Dá bhrí sin, caitheadh €20.4m san iomlán san earnáil sa bhliain 2012. Tríd an modh oibre sin, leanann TG4 de chion suntasach (os cionn 62%) dá mhaoiniúchán poiblí a chaitheamh ar choimisiúnú clár bunaidh Gaeilge agus ar sheirbhísí a fháil ón earnáil léiriúcháin neamhspleách in Éirinn.

Tríd an bpróiseas coimisiúnúcháin, thug TG4 comhairle agus tacaíocht do chuideachtaí léiriúcháin neamhspleách Gaeilge. Sa bhliain 2012, choimisiúnaigh TG4 673 uair an chloig de chláir nua Gaeilge de bhreis ar 52 uair an chloig de chláir nua Gaeilge a léiriú go hinmheánach (agus an chuid is mó de sin i gcomhar leis an earnáil).

Rinneadh raon láidir tionscadal cláir a fhorbairt freisin i gcomhar leis an earnáil neamhspleách d'fhonn maoiniúchán Fuaime agus Físe ÚCÉ a áirithiú. Sa bhliain 2012, rinneadh tionscadail chláir Fuaime & Físe agus CCG a chómhaoiniú i gcomhar leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách. Ina measc sin, áiríodh cláir faisnéise, drámaíochta, ceoil agus shiamsaíochta. Fuair an earnáil léiriúcháin neamhspleách €4.14m ó chiste Fuaime & Físe ÚCÉ agus €1.72m ón CCG sa bhliain 2012 trí oibriú i gcomhar le TG4 ar roinnt coimisiún cláir. Lean TG4 dá ról mar phríomhchraoltóir do léiriúcháin i dTuaisceart Éireann a fhaigheann maoiniúchán ó CCG.

Thacaigh TG4 go díreach le 290 post san earnáil léiriúcháin neamhspleách.

Tairbhí Eacnamaíochta

Ní amháin gur lean TG4 de bheith ag fónamh do riachtanais an lucht féachana agus ag tacú le cur chun cinn agus le forbairt na Gaeilge agus chultúr na hÉireann ar fud na bliana 2012, ach freisin tá tionchar aige ar an earnáil léiriúcháin neamhspleách in Éirinn ó thaobh tairbhí suntasacha airgeadais, fostaíochta agus cruthaitheachta a chur ar fáil gan trácht ar thionchar tábhachtach ar gheilleagar na hÉireann i gcoitinne. Trí iolraitheoirí tionchair a chur i bhfeidhm ar ardleibhéal, meastar go bhfuil an ranníocaíocht dhíreach, neamh-dhíreach agus ionducht-aithe le tuilleamh náisiúnta ó chaiteachais saothair agus neamhshaothair TG4 agus, de bhreis air sin, caiteachais ar fhostaithe, os cionn €60m don bhliain 2012, agus go bhfuil tionchar gaolmhar fostaíochta iomláine 946 phost ann (lena n-áirítear poist san earnáil léiriúcháin neamh-spleách).

An Ghaeilge agus Cultúr na hÉireann a Chur Chun Cinn agus a Fhorbairt

De bhreis ar sheirbhís saor-go-haer uilíoch a sholáthar chun an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn, chuaigh TG4 i mbun roinnt gníomhaíochtaí sa bhliain 2012 chun tacú le cur chun cinn agus forbairt na Gaeilge agus cultúr na hÉireann:

"When it comes to taking a chance on topics that mightn't have guaranteed mass appeal, TG4 continues to put its national counterpart to shame."

Richard Forristal
Irish Independent

- ***Tacú le feidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge:*** rud tábhachtach ab ea idirphlé a bhunú le Seirbhís Tacaíochta na Roinne Oideachais don Ghaeilge chun plé a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag TG4 i ndáil le tacú leis an aistriú chuig scileanna labhartha sa churaclam nua iar-bhunoideachais.

- ***Seirbhís Teilifíse agus Cláir chun an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn:*** Lean seirbhís teilifíse uile-oileáin Gaeilge TG4 de stádas "iompar éigeantach" agus suíomh feiceálach a bheith aige ar gach ardán craolacháin sa Stát. Soláthraíodh 1,669 uair an chloig nua Gaeilge agus i nGaeilge a bhí 58% de na huaire an chloig go léir a craoladh. Soláthraíodh raon leathan clár éagsúil Gaeilge thar roinnt seánraí éagsúla, lena n-áirítear nuacht agus cúrsaí reatha, siamsaíocht, drámaíocht, spórt, ceol agus na healaíona, ar cláir iad trína ndearnadh an Ghaeilge agus cultúr agus féiniúlacht na hÉireann a cheiliúradh.

- ***An Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt i measc leanaí agus daoine óga:*** Soláthraítear níos mó ná 6 huaire an chloig in aghaidh an lae de chláir leanaí agus daoine óga. Sa bhliain 2012, dhírigh forbairtí ar líne ar sheirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga go háirithe. Seoladh trí Aip nua Gaeilge do leanaí sa bhliain 2012 agus cuireadh athleaganacha Gaeilge d'ocht gcluiche ar líne ar fáil. Is ionann sin is a rá go bhfuil ceithre Aip Ghaeilge ar fáil do leanaí réamh-scoile. De bhreis air sin, rinneadh CúlaTV – seirbhís seinnteora teilifíse – a bhunú ar shuíomh gréasáin TG4.

- ***Seirbhís Ghaeilge dhomhanda a sholáthar:*** Cuireann seirbhísí ar líne agus seirbhísí Seinnteora TG4 ábhar craolacháin ar fáil ar bhonn domhanda agus spreagann na seirbhísí sin plé maidir leis an nGaeilge agus maidir le cultúr na hÉireann. Tá TG4 ag iarraidh a chinntiú gurb é suíomh gréasáin TG4 an fhoinse chinntitheach le haghaidh ábhair Ghaeilge ar líne.

- ***Tacú le forbairt na hearnála léiriúcháin neamh-spleách Gaeilge:*** trí ghníomhaíochtaí coimisiúnúcháin agus trí bhearta ar leithligh tacaíochta agus oideachais.

- ***Tacú le Comhlachtaí Éireannacha Cultúir & Spóirt:*** Neartaigh TG4 an tacaíocht a thugann sé do go leor eagraíochtaí cultúir, teanga agus spóirt agus neartaigh sé an caidreamh atá aige leo, m.sh. CLG, Cumann Pheil na mBan, an FAI, an IRFU agus an HRI, Oireachtas na

Gaeilge, Gael Linn agus Foras na Gaeilge, eagrais Ghaeilge agus cultúir. Lean TG4 ag obair go dlúth le comhlachtaí amhail Bord Scannán na hÉireann, an Chomhairle Ealaíon, an Film Fleadh agus Film Base sa bhliain 2012 agus a sheirbhísí á seachadadh.

- ***Tacú leis an ngeilleagar áitiúil sa Ghaeltacht:*** sa bhliain 2012, chaith TG4 céatadán suntasach dá chaiteachas earnála léiriúcháin neamhspleách ar chuideachtaí léiriúcháin i gceantair Ghaeltachta. Tá 290 post lánaimseartha san earnáil léiriúcháin á gcothú go díreach trí choimisiúin TG4. Tá cuid mhór de na poist sin lonnaithe i gceantair Ghaeltachta cé nach amhlaidh an cás maidir le gach ceann acu. Ós rud é go bhfuil Ceannáras TG4 féin sa Ghaeltacht is cuid thábhachtach é de shaol eacnamaíochta agus sóisialta na gceantar Gaeltachta. De bhreis air sin, is ceart a lua gurb é seo an 17ú bliain ag *Ros na Rún* á léiriú agus, dá bharr sin, go bhfuil méid suntasach fostaíochta, idir dhíreach agus neamhdhíreach, ann agus go bhfuil líon suntasach pearsanra conartha ann, rud a dhéanann tairbhe mhór sa gheilleagar áitiúil.



Margaíocht agus Brandáil

Lean gníomhaíochtaí margaíochta agus brandála TG4 ar aghaidh ó neart go neart. Fuair TG4 28 ngradam sa bhliain 2012, idir ghradaim mhargaíochta/bhrandála agus ainmniúcháin. Ina measc sin, áiríodh gradaim agus ainmniúcháin ó Nuachtáin Náisiúnta de chuid na hÉireann (3 cinn), ó ICAD (6 cinn) agus ó Shark (15 cinn) mar aon le gradaim agus ainmniúcháin ó Love Radio lena n-áirítear 6 ghradam Órga.

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe i gcur chun cinn agus i margaíocht TG4: Feachtais fhógraíochta ar chuid mhór ardán meán lena n-áirítear an preas, raidió, meáin dhigiteacha agus cláir fhógra; urraíocht agus cur chun cinn spóirt lena n-áirítear Craobh Pheile na mBan arb é TG4 an príomhurraitheoir ina leith; Gradam Ceoil (Gradaim Cheoil Thraidisiúnta TG4); agus seoladh clár agus sceideal ar leithligh srl. Roghnaigh Coiste Chur Chun Cinn Margaíochta TG4 (MIP) roinnt clár/sraitheanna agus seánraí i gcomhair feachtas sonrach fógraíochta.

Rinneadh láithreacht TG4 sna Meáin Shóisialta a fhorbairt tuilleadh sa bhliain 2012.

Forbairtí Oibríochta/Córas

Ón tráth a chuaigh DAM beo i Samhain 2011, tá TG4 tar éis leanúint den chóras a chomhtháthú agus bhí sé sin ar siúl i rith na bliana 2012. Tá sé de chumas ag TG4 anois ábhar sonrach a bhaint amach as córas DAM, é a chóipeáil agus a athfhormáidiú agus é a sheachadadh ar UPC le haghaidh sheirbhís UPC féin ar a dtugtar físábhar ar éileamh. Ina theannta sin, sa bhliain 2012, cuireadh tús leis an obair chun ullmhú físeán le haghaidh Teilifíseán cliste agus le haghaidh seinnteoirí feiste soghluaiste a éascú agus críochnófar an obair sin sa bhliain 2013.

Ar feadh na bliana 2012, leanadh ar aghaidh leis an oiliúint don fhoireann ar chóras DAM agus ar na córais nua eagarthóireachta. Chomh maith leis sin, d'éirigh le TG4 roinnt feabhsúchán ar chleachtais oibre a bhaint amach de bharr thabhairt isteach chóras DAM. Déanann foireann na Leabharlainne agus an fhoireann Láthaireachais tascanna nua a chur i gcrích, lena n-áirítear logáil agus comhlíonadh i ndáil le hábhar cláir. Tá oiliúint faighte ag roinnt den fhoireann i réimsí a bhaineann le hathfhormáidiú ábhair agus le dáiliúchán. Ar dtús, úsáideadh an ábhar sin le haghaidh ardán "físábhar ar éileamh" UPC ach déanfar é a fhorbairt le go mbeidh gach ábhar le haghaidh Teilifíseán Cliste agus feistí soghluaiste san áireamh. Forbairt dhearfach is ea saoradh forchostais saothair, agus é a úsáid i ndáil le soláthar ábhair/obair stiúideo, agus cuirfidh sé ar chumas TG4 tuilleadh ábhair agus Aipeanna a sholáthar gan méadú comparáideach ar chostais saothair agus ar fhorchostais de réir mar atá luaite níos túisce.

Mar atá luaite roimhe seo freisin, bhain TG4 roinnt cloch míle suntasach amach sa bhliain 2012. Tá an t-athrú chuig teilifís dhigiteach trastíre curtha i gcrích go hiomlán anois agus scoitheadh an tseirbhís analógach ar an 24 Deireadh Fómhair sa Tuaisceart agus sa Deisceart araon. Tá athrú TG4 chuig Ardghléine (HD) críochnaithe freisin tar éis an aistrithe chuig craoladh HD i mí Dheireadh Fómhair 2012.

Rialachas agus Gníomhaíochtaí Beartais

D'oibrigh TG4 go dlúth leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN) agus le hÚdarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) chun tacú le forbairt beartais craolacháin agus chun déanamh de réir gach ceanglais maidir le rialachas agus comhlíonadh. D'oibrigh sé go dlúth freisin lena Bhord sa bhliain 2012 chun na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh, bainistíochta riosca agus comhlíontachta a chinntiú de réir na gcód, na mbeartas agus na gcaighdeán go léir a bhaineann le craolachán. De bhreis ar thrí iniúchadh inmheánacha, rinne TG4 athbhreithniú iomlán rioscaí i ndáil leis an eagraíocht ag deireadh na bliana 2012. Bhí

gach duine de chuid na bainistíochta sinsearaí páirteach san athbhreithniú agus DHKN a bhí mar éascaitheoirí ina leith.

Mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí, glacann TG4 páirt i ngach gníomhaíocht chraolacháin/forbartha beartais ar cabhair iad le linn cinntí beartais, forálacha reachtacha agus treoracha a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, ar nithe iad sin lena ndéantar craolachán a rialú agus a rialáil. Sa bhliain 2012, d'oibrigh TG4 go dlúth le raon geallsealbhóirí, go príomha an RCFAN, ÚCÉ, eagrais rialála eile agus eagraíochtaí ionadaitheacha de chuid an tionscail. Áirítear na nithe seo a leanas i measc na dtionscnamh tábhachtach: Comhoibriú TG4 le RTÉ ar raon saincheisteanna lena n-áirítear 365 huaire an chloig d'ábhar a sholáthar do TG4, forbairt DTT, Saorsat agus cuid mhór saincheisteanna eile; comhoibriú TG4 le Cónaidhm Chlos-amhairc IBEC, le Circom, le WITBN, le Féile na Meán Ceilteach (ar leibhéal an Bhoird Feidhmiúcháin) agus leis an EBU (ar leibhéal an Chomhthionóil Ghinearálta) agus, dá bharr sin, bhíothas in ann rochtain a fháil ar ghréasán luachmhar saineolais agus taithí, thar raon iomlán craolacháin CPS agus soláthair ábhair, lena n-áirítear rialachas, beartas, réimse an dlí agus an réimse teicniúil.

Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile

Bunaíodh Bord Theilifís na Gaeilge i mí Aibreáin 2007 faoi fhoráil de chuid an Achta Craolacháin, 2001. Is é an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a cheap comhaltaí an Bhoird.

Ar an 31 Márta 2012 chuaigh téarma oifige an Chathaoirligh agus 8 comhaltaí den Bhord in éag. Ar an 17 Aibreán 2012, cheap an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha Cathaoirleach agus seisear comhaltaí den Bhoird, agus athcheapadh comhalta amháin ón Bhord a chuaigh roimhe.

Tháinig an Bord le chéile 7 n-uaire i rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2012.

Comhaltaí an Bhoird agus an tArdstiúrthóir amhail ar ar an 31 Nollaig 2012.

Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)

Pól Ó Gallchóir (Ardstiúrthóir)

Seosamh Ó Conghaile

Rónán Ó Coisdealbha

Concubhar Ó Liatháin

Andréa Ní Éalaithe

Des Geraghty

Mairéad Ní Cheóinín

Micheál Seoighe

Mairéad Nic Suibhne

Michelle Ní Chróinín

Rúnaí na Cuideachta agus an Oifig Chláraithe
Mary Uí Chadhain
TG4
Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe

Rúnaí an Bhoird
Pádhraic Ó Ciardha

Fochoistí de chuid an Bhoird
Tá trí fhochoiste de chuid an Bhoird ann mar a leanas:

An Coiste Iniúchóireachta
Des Geraghty (Cathaoirleach)
Micheál Seoighe
Michelle Ní Chróinín

I rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2012, tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile 4 huaire agus thuairiscigh siad don Bhord tar éis gach cruinnithe. Tuairiscíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí go díreach don Choiste Iniúchóireachta.

An Coiste Luach Saothair
Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)
Andréa Ní Éalaithe
Mairéad Nic Suibhne

Tháinig an Coiste Luach Saothair le chéile aon uair amháin i rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2012.

An Coiste Digiteach
Mairéad Ní Cheóinín (Cathaoirleach)
Concubhar Ó Liatháin
Rónán Ó Coisdealbha

Tháinig an Coiste Digiteach le chéile aon uair amháin i rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2012.

Iniúchóir
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Bloc an Chisteáin
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

Aturnae
Landwell Solicitor
Uimhir a hAon, Duga Spencer
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

Baincéirí
Banc Aontas Éireann
Caisleán an Linsigh
Sráid na Siopaí
Gaillimh

Achtúire
Pricewaterhouse Coopers
Uimhir a hAon, Duga Spencer
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

Tuarascáil an Chathaoirligh

Is cúis áthais dom mo chéad Tuarascáil Bhliantúil mar Chathaoirleach ar Bhord nua TG4 a ceapadh i mí Aibreáin 2012 a chur i láthair.

Is é an chéad rud atá le déanamh agam buíochas a ghabháil leis na hiarchomhaltaí go léir den Bhord agus leis an gCathaoirleach, Peadar Ó Cuinn, as a seirbhís agus as a dtiomantas i leith TG4 agus as an treoir a chuir siad ar fáil d'fhoireann bhainistíochta TG4 le linn a dtéarma oifige.

Mar sheirbhís náisiúnta teilifíse Gaeilge, tugtar maoiniúcháin do TG4 chun seirbhísí ardchaighdeáin craolacháin agus ábhair Gaeilge a sholáthar do lucht féachana in Éirinn agus thar lear d'fhonn an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a cheiliúradh agus a chur chun cinn. I rith na bliana 2012, lean TG4 de bheith á dhéanamh sin agus de thionchar dearfach a bheith aige ar an dearcadh i leith na Gaeilge. Ní ceart neamhshuim a dhéanamh den rath sin sna haimsirí deacra eacnamaíochta seo.

Ní amháin gur lean TG4 de bheith ag fónamh do riachtanais an lucht féachana agus de thacú le cur chun cinn agus le forbairt na Gaeilge agus chultúr na hÉireann ar fud na bliana 2012, ach freisin tá tionchar aige ar an earnáil léiriúcháin neamhspleách in Éirinn ó thaobh tairbhí suntasacha airgeadais, fostaíochta agus cruthaitheachta a chur ar fáil agus ar gheilleagar na hÉireann ina iomláine.

Díríonn TG4 a mhaoiniúchán poiblí ar choimisiúnú clár bunaidh Gaeilge agus ar sheirbhísí cláir a fháil ón earnáil léiriúcháin neamhspleách in Éirinn. Tá sé thar a bheith tábhachtach a bheith ag obair leis an earnáil sin chun déanamh de réir aetas *súil eile* TG4. Trí na gníomhaíochtaí sin, déanann TG4 íocaíochtaí substaintiúla leis an earnáil. Sa bhliain 2012, chaith TG4 os cionn €20m go díreach ar an earnáil. Ba mhéadú é sin i gcomparáid leis an mbliain 2012, rud atá an-dearfach sna cúinsí láithreacha eacnamaíochta agus b'ionann an caiteachas sin agus 62% de mhaoiniúchán reatha TG4 don bhliain.

Ní amháin gur chuidigh an caiteachas sin lena chinntiú go bhfuil sceideal craolacháin TG4 uathúil agus go léiríonn sé féiniúlacht chultúrtha na hÉireann ach, freisin, cuidíonn sé lena chinntiú go gcaomhnófar agus go neartófar earnáil bhríomhar léiriúcháin Gaeilge atá in ann cláir uathúla Gaeilge a sholáthar do TG4.

Cuireann caiteachas TG4 tairbhí réadúla ar fáil do gheilleagar na hÉireann. Thaispeáin athbhreithniú Chónaidhm Chlos-amhairc IBEC sa bhliain 2012 gur thacaigh TG4 go díreach le 290 post san earnáil léiriúcháin. Nuair a chuirtear sin leis an 80 post lánaimseartha i TG4, ciallaíonn sé go dtacaíonn TG4 le

beagnach 400 post san earnáil léiriúcháin in Éirinn. De bhreis air sin, trí anailís iolraitheora, meastar gurb é atá sa ranníocaíocht ó chaiteachas TG4 le tuillimh náisiúnta ná suim os cionn €60m sa bhliain 2012 agus go bhfuil tionchar gaolmhar fostaíochta ann as a leanann 550 post breise i ngeilleagar na hÉireann.

Tá TG4 ina chuid dhílis den tionscal clos-amhairc agus, i gcomhréir leis an iarracht fhoriomlán náisiúnta maidir le deiseanna fostaíochta a mhéadú agus maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh isteach in Éirinn, tá gá le hearnáil léiriúcháin atá oilte agus bríomhar. Rannchuidíonn TG4 go mór leis sin agus tá sé tábhachtach go leanfaidh TG4 de mhaoiniúchán dóthanach a bheith aige ionas gur féidir na tairbhí do gheilleagar na hÉireann a chothú agus ionas gur féidir le TG4 leanúint dá chroí-chúram a chomhlíonadh maidir le hábhar siamsúil Gaeilge a sholáthar dá lucht féachana.

Bhí brú ar TG4 i rith na bliana maidir le hioncam tráchtála. Bhí tionchar mór ag an gcúlú eacnamaíochta ar ioncam fógraíochta le cúig bliana anuas agus d'fhan an margadh murtallach sa bhliain 2012. Tá sé tábhachtach

go méadóidh TG4 na leibhéil ioncaim tráchtála agus, chun sin a dhéanamh, ní mór d TG4 nuálaíocht a dhéanamh agus ardáin fógraíochta a fhorbairt, lena n-áirítear ardáin ar líne agus ardáin shoghluaiste.

Ní mór do TG4 leanúint de bheith nuálach maidir lena chuid clár agus seirbhísí ábhair. Ciallaíonn an luathú i ndáil le glacadh teicneolaíochtaí agus feistí meán digiteach, go háirithe le bliain anuas, nach mór do TG4 ábhar a chur ar fáil d'ardáin agus d'fheistí go leor agus nach mór dó teagmháil a dhéanamh leis an lucht féachana trí na hardáin sin. Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfidh TG4 lena bhforbairtí sármhaithe go dtí seo i dtaca le hábhar ar líne agus le hábhar idirghníomhach agus i dtaca le hAipeanna, agus ar ardáin meán sóisialta, le go gcoinneoidh sé spéis daoine óga sa lucht féachana.

Tá ár lucht féachana i gcroílár gach ní a dhéanann TG4 agus tá sé ríthábhachtach an bhaint lena lucht féachana a choimeád ar bun. Taispeánann an cúigiú suirbhé lucht féachana a rinne TG4 i measc Gaeilgeoirí ar fud oileán na hÉireann (IPSOS MRBI) go bhfuil TG4 agus a chuid clár ábhartha i dtuairim an lucht féachana. Ba ábhar muiníne iad torthaí na taighde agus bhí mé thar a bheith sásta leis an aiseolas a fuarthas.

Fanann cláir uathúla, bhríomhara, shiamsúla ag croílár na n-iarrachtaí chun TG4 a choinneáil ábhartha i dtuairim an lucht féachana. I gcomhpháirtíocht leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách, rinne TG4 raon clár láidir bunaidh Gaeilge a sholáthar thar gach seánra sa bhliain 2012. Léiríodh an méid sin sa líon gradam agus ainmniúchán a fuarthas i rith na bliana. San iomlán 72 a bhí sa líon gradam agus ainmniúchán a fuarthas, rud a thaispeánann caighdeán chláir TG4. Ina measc sin, áiríodh dhá ghradam de chuid Ghradaim Scannán & Teilifíse na hÉireann (IFTA) agus Spiorad na Féile ag Féile na Meán Ceilteach do *Corp & Anam*.

Bhain TG4 roinnt cloch mhíle suntasach amach sa bhliain 2012. Tá an t-athrú chuig teilifís dhigiteach trastíre curtha i gcrích go hiomlán anois agus scoitheadh an tseirbhís analógach ar an 24 Deireadh Fómhair sa Tuaisceart agus sa Deisceart araon. Tá athrú TG4 chuig Ardghléine (HD) críochnaithe freisin tar éis an aistrithe chuig craoladh HD i mí Dheireadh Fómhair 2012. Beidh an bhliain atá romhainn dúshlánach agus spreagúil do TG4 i dtéarmaí comhdhlúthú a dhéanamh ar a staid ar gach ardán craolacháin dhigitigh agus le linn staid láidir a bhunú ar ardáin nua lena n-áirítear seirbhísí Seinnteora, Físábhar ar Éileamh, Fóin Chliste agus Teilifíseáin Chliste, táibléid agus feistí soghluaiste eile.

Cé go bhfuil muinín agam go leanfaidh TG4 de sceideal láidir siamsúil clár a sholáthar, tá dóthain maoiniúcháin thar a bheith riachtanach fós agus beidh na cúinsí eacnamaíochta agus an staid airgeadais mar dhúshlán mór do TG4 i gcónaí. Féachfaidh TG4 le déileáil go gníomhach leis an gcuid mhór deiseanna agus dúshlán a bheidh ann don tseirbhís. Is cúis bhróid é do TG4 an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a chur ar taispeáint agus a chur chun cinn i measc a lucht féachana teilifíse agus ar líne, ar lucht féachana é atá ag méadú. Maidir leis an mbliain 2012, tá léiriú le fáil air sin sa líon mór gradam agus duaiseanna a fuarthas, san aiseolas rialta ón lucht féachana agus sna léirmheasanna dearfacha a rinneadh ar an aschur. Is é atá sa chuspóir don bhliain 2013 ná leanúint den rath a bhí ann go dtí seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le roinnt daoine aonair agus le roinnt eagraíochtaí.

Gabhaim buíochas le mo chomhchomhaltaí den Bhord as a n-obair chrua agus as a ndíograis i leith TG4. Gabhaim buíochas freisin le coistí an Bhoird, leis an bhfochoiste Iniúchóireachta, leis an bhfochoiste Digiteach agus leis an bhfochoiste Luach Saothair, agus le Rúnaithe an Bhoird.

Tá mé buíoch freisin den Chomhairle Lucht Féachana as an aiseolas tábhachtach a thug sí faoi sheirbhís TG4.

Thar ceann mo chomhchomhaltaí den Bhord, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire, Pat Rabbitte, agus lena oifigigh ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha as a dtacaíocht agus as a dtreoir ar fud na bliana 2012.

Gabhaim buíochas freisin le hÚdarás Craolacháin na hÉireann, les an gCiste Craoltóireachta Gaeilge agus le Bord Scannán na hÉireann as a dtacaíocht leanúnach.

Táthar buíoch freisin de RTÉ, go háirithe as an soláthar reachtúil bliantúil 365 huaire an chloig d'ábhar Gaeilge.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le lucht bainistíochta agus le foireann TG4 atá faoi cheannaireacht thiomanta láidir an Ardstiúrthóra, Pól Ó Gallchóir. D'ainneoin go raibh bliain dhúshlánach eile ann, chinntigh Pól agus foireann TG4 gur bhain an tseirbhís feidhmíocht mhaith amach. Tá mé féin agus an Bord ag tnúth le hoibriú go rathúil leo i rith na bliana atá romhainn.

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Tuarascáil an Ardstiúrthóra

Réamhrá

Ba í an bhliain 2012 an cúigiú bliain dhúshlánach as a chéile don gheilleagar agus do TG4 araon. De bharr laghdaithe mhóir ar chaiteachas fógraíochta sa gheilleagar, thit ioncam TG4 ó fhógraíocht agus ó urraíocht arís i mbliana. Bhí iomaíocht dian ann freisin mar go raibh líon níos mó cainéal san iomaíocht le haghaidh an chiona chéanna d'fhógraíocht agus de lucht féachana in Éirinn.

D'ainneoin na ndúshlán airgeadais sin, d'éirigh go maith le TG4 agus bhí bliain láidir eile aige i dtaca le clár siamsúla agus seirbhísí ábhair nua. Gan aon amhras, ba é ba chúis leis sin ná an tslí inar dhíríomar ar ár gcuid príomhghealltanas don bhliain 2012. Ina measc sin, díríodh ar an lucht féachana agus forbraíodh caidreamh láidir leis; cuireadh an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann chun cinn ar mhodh dearfach; soláthraíodh sceideal tarraingteach siamsúil clár agus ábhair do bhonn leathan lucht féachana; agus cothaíodh earnáil láidir léiriúcháin neamhspleách Gaeilge. Ba é ba bhuntaca leis na gealltanais sin ná an bhainistíocht stuama leanúnach ar chostais agus na hiarrachtaí chun éifeachtúlacht a bhaint amach laistigh de TG4.

Tá áthas orm a thuairisciú gur bhaineamar amach na príomhspriocanna go léir a leagamar amach don bhliain.

Cláir agus Ábhar

Sa bhliain 2012, lean TG4 de raon siamsúil faisnéiseach clár a chur ar fáil. I measc na bpríomhchlár Gaeilge áiríodh na cláir sheanbhunaithe rialta amhail *Ros na Rún*, *Geantraí*, *Comhrá* agus *7 Lá* chomh maith le cláir nua amhail *Scéal na Gaeilge*, *Na Bóithre Iarainn*, *Jockey Eile*, *Jump Boys*, *Ceol ón gClann*, *Buail Cois*, *The West's Awake* agus *Séasúr Bhreandáin Feiritéar*.

Is ceart tagairt ar leith a dhéanamh do *Corp & Anam*. Fuair sé dhá ghradam ag Féile na Meán Ceilteach, lena n-áirítear ardghradam Spiorad na Féile agus Gradam Scannán & Teilifíse na hÉireann (IFTA). De bhreis air sin, fuair *Ó Tholg go Tolg* an gradam Ceilteach sa chatagóir do chláir dhaoine óga.

Bhí ionad láidir ag cláir spóirt TG4 i gcónaí agus lean siad de bheith mar a bheadh bunchloch ann i sceideal TG4 i rith na bliana 2012. I measc na gclár spóirt áirítear CLG, Peil na mBan, rugbaí, rásaíocht chapall agus leadóg srl. agus d'éirigh go han-mhaith leo i dtaca leis an lucht féachana do TG4. Mar shampla, sroicheadh lucht féachana níos mó ná 550,000 duine le haghaidh mór-imeachtaí spóirt mar laethanta Chluichí Ceannais Pheil na mBan agus an cluiche rugbaí idir Laighean agus Mumha.

Trínár seirbhís nuachta, *Nuacht TG4*, leanamar de sheirbhís chuimsitheach nuachta Gaeilge a sholáthar agus béim mhór á leagan ar thuairiscí réigiúnacha agus ar thuairiscí a bhain leis an nGaeltacht. Sa bhliain 2012, lean Nuacht TG4 d'aird a tharraingt ar mhór-shaincheisteanna in Éirinn agus ar fud an domhain chomh maith le léiriú a thabhairt ar shaol mhuintir na hÉireann sa bhaile agus ar bhonn idirnáisiúnta.

Leanann TG4 de thús áite a thabhairt do chláir do leanaí agus do dhaoine óga agus de bhéim a leagan ar ionad na gclár sin i sceideal craolacháin TG4. Is é réimse na leanaí agus na ndaoine óga an chuid is iomaíche den sceideal craolacháin agus tá TG4 tar éis seirbhís chuimsitheach a sholáthar trí níos mó na sé huaire an chloig de chláir leanaí agus daoine óga a chraoladh gach lá. Leanadh ar aghaidh leis an tseirbhís laethúil do leanaí agus do dhaoine óga a chur san áireamh i sceideal craolacháin TG4 don bhliain 2012 agus, i measc na gclár a bhí ann, áirítear *Cúla4 na nÓg* do leanaí réamhscoile, an clár tráthnóna móréilimh, *Cúla4*, do leanaí níos sine ná sin, agus *Ponc* do dhéagóirí. Mar chuid dár dtiomantas i leith clár Gaeilge do leanaí agus do dhaoine óga, rinne TG4 athghuthú ar bheagnach 300 uair an chloig de chláir shiamsúla oideachasúla don lucht féachana óg sin.

Níos mó ná riamh, aithníonn TG4 an gá le díriú ar an lucht féachana níos óige seo, ar lucht féachana é atá níos eolasaí ó thaobh ríomhairí de, trí ábhar nua ilardáin a chur ar fáil agus trí bhéim a leagan ar nuálaíocht, ar roghanna agus ar idirghníomhaíocht don lucht féachana seo. Sa bhliain 2012, rinne TG4 athdhearadh agus athfhorbairt ar láithreacht an chláir Cúla4 ar an idirlíon. Cuireadh san áireamh idirghníomhaíocht agus cluichí a bhain le cláir shonracha leanaí ar TG4. Ciallaíonn sé sin, de bhreis ar chur ar fáil Aip CúlaCaint do theileafóin chliste, go bhfuil rochtain níos fearr ann ar an nGaeilge agus go bhfuil níos mó deiseanna spraoi ann do leanaí atá ag foghlaim Gaeilge in Éirinn agus ar fud an domhain. Seoladh trí Aip nua Gaeilge sa bhliain 2012 agus cuireadh athleaganacha Gaeilge d'ocht gcluiche nua ar líne ar fáil. Is ionann sin is a rá go bhfuil ceithre Aip Ghaeilge ar fáil do leanaí réamhscoile. De bhreis air sin, rinne TG4 CúlaTV — seirbhís Seinnteora Teilifíse do leanaí — a bhunú ar shuíomh gréasáin TG4 freisin. Soláthraíonn na forbairtí sin go léir acmhainn fhorleathan spraoiúil foghlama Gaeilge do leanaí i ngach aoisghrúpa.

Sa bhliain 2012, lean TG4 d'fhorbairt a dhéanamh ar an suíomh gréasáin agus ar sheirbhísí Seinnteora chun a chinntiú gurb ionann iad agus an fhoinse chinntitheach le haghaidh ábhair Ghaeilge ar líne. Tá áthas orainn freisin a rá go bhfuil TG4 tar éis dul ó uimhir a trí (sa bhliain 2011) go dtí uimhir a haon (sa bhliain 2012) i dtéarmaí ranguithe domhanda na suíomh gréasáin Gaeilge. Tá sé de bhuntáiste breise ag ár seirbhís ar líne Gaeilge go gcuireann sí ábhar ardchaighdeáin craolacháin ar fáil trína dtugtar oiliúint, siamsaíocht agus faisnéis agus, ina theannta sin, go soláthraíonn sí ábhar idirghníomhach siamsúil do leanaí agus d'aosaigh óga.

Bhí cuid mhór forbairtí eile trasardáin ann sa bhliain 2012 . Mar shampla, cuireadh tús le hAip Sheinnteoir TG4 do iOS atá le seoladh sa bhliain 2013.

An Earnáil Léiriúcháin Neamhspleách Gaeilge
Príomhghné de raon ilchineálach clár cruthaitheach siamsúil Gaeilge a sholáthar is ea oibriú leis an earnáil neamhspleách Gaeilge chun smaointe láidre cruthaitheacha a fhorbairt le haghaidh clár.

Lean TG4 de chaidreamh dlúth oibre a bheith aige leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách Gaeilge ar fud na bliana 2012. Dá bharr sin, bhíomar in ann comhoibriú lena chéile chun déileáil leis na dúshláin airgeadais a bhí le sárú againn ach, freisin, chun íoslaghdú a dhéanamh ar thionchar na ndúshlán airgeadais ar chaighdeán an ábhair agus ar thaitneamh an lucht féachana.

I gcomhpháirtíocht leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách Gaeilge, rinneamar cláir uathúla ardchaighdeáin a sholáthar do lucht féachana Éireannach sa bhaile agus thar lear. Sa bhliain 2012, choimisiúnaigh TG4 luach beagnach €18m de chláir ón earnáil. Bhí sé sin níos airde ná an caiteachas a bhí ann sa bhliain 2011 — agus is toradh dearfach é sin i bhfianaise na ndúshlán airgeadais a bhí le sárú againn.

Sa bhliain 2012, leanamar de bheith ag obair go dlúth freisin le gníomhaireachtaí eile ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE chun tacú le forbairt chruthaitheacht agus smaointeoireacht na hearnála léiriúcháin neamhspleách Gaeilge.

Gradaim
I rith na bliana 2012 arís, fuair TG4 líon mór gradam agus ainmniúchán. Léiríonn na gradaim agus na hainmniúcháin sin cáilíocht agus sainiúlacht chláir TG4, a ghníomhaíochtaí margaíochta/brandála agus phearsantachtaí TG4. Sa bhliain 2012, i dtaca le gradaim agus ainmniúcháin de, fuair TG4 72 díobh i rith na bliana. Go sonrach, fuair TG4 dhá ghradam de chuid Ghradaim Scannán & Teilifíse na hÉireann (IFTA) agus deich n-ainmniúchán thar raon a chuid clár agus ba iad *Bernadette – Notes on a Political Journey* agus *Corp & Anam* a fuair an dá ghradam.

Fuarthas gradaim agus ainmniúcháin de chuid Fhéile na Meán Ceilteach, is é sin le rá, deich gcinn san iomlán lena n-áirítear dhá ghradam buaiteora do *Corp & Anam* agus *Ó Tholg go Tolg*. Bronnadh Spiorad na Féile ar *Corp & Anam* freisin. Ghnóthaigh TG4 an Gradam Grand Prix do *An Píopa/The Pipe* ag Féile Idirnáisiúnta Scannán Ile-De France. Ghnóthaíomar gradaim agus ainmniúcháin, ar 13 ar fad, ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais. I measc na ngradam iomráiteach eile áirítear an Golden Documentary Award do *Misinéirí Radacacha* ag na Prestige Film Awards, California.

Is ionann na gradaim agus na hainmniúcháin mórluacha sin agus léiriú ar chumas TG4 maidir le hábhar a choimisiúnú lena ngabhann dearcadh sainiúil *súil eile* atá uathúil agus taitneamhach agus atá in ann ní amháin dul i gcion ar an lucht féachana intíre ach freisin déanamh go maith i gcomórtais idirnáisiúnta clár agus dul i gcion ar léirmheastóirí agus ar ghairmithe de chuid an tionscail ar fud an domhain.

Lucht Féachana
Bhain TG4 meán-lucht féachana laethúil 14% amach sa bhliain 2012 (577,000 duine a d'fhéach ar an gcainéal ar bhonn laethúil). Ina theannta sin, choinníomar an staid a bhí againn mar an 8ú cainéal is mó a raibh muintir na hÉireann ag féachaint air sa bhliain 2012 — toradh thar a bheith dearfach i bhfianaise na gcéadta cainéal atá ar fáil don lucht féachana.

I rith na bliana 2012, lean TG4 de bheith ag léiriú gur féidir linn a bheith san iomaíocht ar an leibhéal is airde agus sciar maith lucht féachana a fháil ar bhuaicócáidí féachana amhail an Nollaig, an Cháisc agus Lá Fhéile Pádraig srl. Ba é TG4 an dara cainéal ba mhó éileamh in Éirinn ar dhá lá ar leithligh sa bhliain 2012. Ar Lá Fhéile Pádraig sa bhliain 2012, fuair TG4 sciar 4.6%. D'éirigh go han-mhaith le TG4 freisin ag an Nollaig sa bhliain 2012. D'fhéach beagnach 1m duine ar TG4 gach lá agus d'fhéach 2.5m duine san iomlán ar an gcainéal le linn thréimhse na Nollag, an tréimhse is iomaíche í san fhéilire foriomlán teilifíse. 3.3% a bhí i sciar féachana TG4 ag tréimhse na Nollag 2012. Rud atá chomh tábhachtach céanna, choinnigh TG4 líon a lucht féachana i rith thréimhse na Nollag ag an leibhéal céanna a bhí ann sa bhliain 2011 — toradh an-mhaith ag tráth a raibh athruithe móra ag tarlú agus a raibh níos mó roghanna féachana ann sa mhargadh Teilifíse in Éirinn agus ar lena linn a bhí líon an lucht féachana a bhí ag na príomhchainéil teilifíse níos ísle ná mar a bhí ann ag an Nollaig sa bhliain 2011.

Tá sé riachtanach go dtabharfar aghaidh ar thomhas an sciar den lucht féachana sa mhargadh craolacháin ina iomláine. Faoi láthair, ní léiríonn an sciar den lucht féachana agus an rochtain ach féachaint "thraidisiúnta" ar an teilifís agus fágtar ar lár lucht féachana a úsáideann ardáin dhigiteacha eile (m.sh. seirbhísí Seinnteora, Aipeanna). Ná ní léirítear roinnt féachana iarchurtha (m.sh. i gcás ina dtaifeadtar cláir trí theicneolaíocht Fhístaifeadáin Phearsanta (PVR) a úsáid). De bhreis air sin, ní mór ionadaíocht chothrom a bheith ann, ó thaobh na geografaíochta agus na teangeolaíochta de, ar phainéal tomhaiste lucht féachana TG4. Is saincheisteanna iad sin a dtabharfaidh TG4 aghaidh orthu arís sa bhliain 2013.

Sa bhliain 2012, rinne TG4 a chúigiú suirbhé lucht féachana (IPSOS MRBI) laistigh de dheich mbliana. Rinneadh agallaimh le cainteoirí Gaeilge ar fud oileán na hÉireann agus é mar chuspóir leis sin scrúdú a dhéanamh ar thuairimí agus ar bharúlacha faoi ghnéithe éagsúla de chláir TG4, faoi nuacht agus faoi chúrsaí reatha, faoi íomhá TG4, faoina shuíomh gréasáin srl. Bhí torthaí an taighde an-dearfach agus bhí ar TG4 an-sásta leis an aiseolas a fuarthas.

Mar shampla, d'aontaigh beagnach trí cheathrú de na

freagróirí ar fud oileán na hÉireann go mbaineann cláir TG4 leo. Bhí na haidiachtaí a d'úsáid cainteoirí Gaeilge i leith TG4 an-dearfach, lena n-áirítear nithe amhail "*oideachasúil*", "*cultúrtha*", "*do dhaoine de mo mhaca-samhailse*", "*ardcháilíocht*", "*malartach*" agus "*gan imní faoi éagsúlacht*".

Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

Ón tráth a foilsíodh an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge (2010-2030), tá tiomantas léirithe ag TG4 maidir le tacú leis an Rialtas athbheochan a dhéanamh ar an nGaeilge trí oibriú go dlúth leis ar chur i bhfeidhm na straitéise. Creidimid go bhfuil an Straitéis thar a bheith tábhachtach i ndáil le cur chun cinn na Gaeilge agus chultúr na hÉireann agus i ndáil le rochtain ar an nGaeilge a mhéadú in Éirinn agus thar lear.

Sa bhliain 2012, foilsíodh staitisticí Dhaonáireamh 2011 maidir le húsáid na Gaeilge. Bhí torthaí an Daonáirimh an-dearfach. Is léir go bhfuil méadú tar éis teacht ar an spéis sa Ghaeilge ar fud oileán na hÉireann. Dúirt thart ar 1.77m duine go n-úsáideann siad an Ghaeilge, i gcomparáid le 1.66m duine a dúirt gur úsáid siad Gaeilge i ndaonáireamh 2006. De réir dhaonáireamh Thuaisceart Éireann 2011, tuairiscíodh go raibh cumas éigin sa Ghaeilge ag beagnach 185k duine — sin méadú 12% thar na deich mbliana ó bhí an bhliain 2001 ann.

Tá aitheantas tugtha do chur chuige TG4 i ndáil leis an nGaeilge a dhéanamh tarraingteach agus inrochtana don uile dhuine, agus tá fáilte curtha roimh an gcur chuige sin. Tá sé d'aidhm againn, trínár rannpháirtíocht sa Straitéis, leanúint de thacaíocht a thabhairt i leith chur chun cinn agus fhorbairt na Gaeilge mar theanga agus leanúint de shiamsaíocht, d'oiliúint agus d'fhaisnéis a chur ar fáil don lucht féachana trí mheán na Gaeilge.

DTT agus Ardghléine (HD)

Tá ionad feiceálach ar gach ardán trastíre, cábla agus satailíte, sa Tuaisceart agus sa Deisceart araon, ina chuid thábhachtach den tseirbhís uilíoch saor-go-haer Gaeilge a sholáthraíonn TG4. Táimid ag leanúint dár staid mar chraoltóir atá neodrach ó thaobh ardáin de a fhorbairt agus dár mbonn ar fud an oileáin a leathnú.

Scoitheadh an teilifís analógach ar an 24 Deireadh Fómhair 2012 sa Tuaisceart agus sa Deisceart araon. Tá TG4 ar fáil ar Shaorview atá ar fáil do 98% den daonra. Craoltar TG4 ar Freeview i dTuaisceart Éireann freisin agus sroichtear thart ar 93% ar fad ar theilifís dhigiteach trastíre sa Tuaisceart. Sa bhliain 2012, lean TG4 d'fhair-eachán a dhéanamh ar chlúdach Saorview i gceantair iargúlta agus glacadh páirt iomlán san fheachtas feasachta a bhí ann mar ullmhúchán do scoitheadh na seirbhíse analógaí. Go háirithe, thug TG4 aird ar leith ar cheantair Ghaeltachta agus, sa bhliain 2012, rinneadh an líon láithreán tarchuradóra dhigitigh a mhéadú ó 51, mar a bhí beartaithe, go 60 agus chlúdaigh cuid de na láithreáin sin ceantair Ghaeltachta lena n-áirítear an Daingean, Gleann Cholm Cille agus na Gleannta.

Tá aistriú a dhéanamh ag TG4 chuig cumas HD thar thréimhse dhá bhliain. Ar an 7 Deireadh Fómhair 2012, bhain TG4 cloch mhíle thábhachtach amach agus chuir sé tús le craoladh HD nuair a tarchuireadh *Peil na mBan Beo*, is é sin, cluichí ceannais Chraobh Pheile na mBan, in HD iomlán.

TG4 agus Luach ar Airgead

I rith na bliana 2012 lean TG4 dá thiomantas i leith luach ar airgead a sholáthar. De réir ár dtiomantais agus ár straitéise, tá tús áite a thabhairt i gcónaí do rialú costas agus do tháirgeacht. Sa bhliain 2012, cinntíodh go ndearnadh beagnach 90% den mhaoiniúchán poiblí a chaitheamh go díreach ar chostais léiriúcháin agus craol-acháin i ndáil le cláir agus ábhair Gaeilge agus laghdaíodh costais aon uair a bhíothas in ann déanamh amhlaidh.

Thar an mbliain 2012, chuir TG4 srian le húsáid maoiniúcháin phoiblí ionas nár úsáideadh é ach amhain chun cuspóirí agus dualgais seirbhíse poiblí a chomhlíon-adh. Creidimid gur leanamar d'fheidhmiú ar an mbonn is cost-éifeachtaí agus is féidir agus de luach ar airgead a sholáthar i ndáil le gach rud a dhéanaimid.

Ionchas don bhliain 2013

Dar linn, leanfaidh an timpeallacht trádála a bheidh ann sa bhliain 2013 de bheith dúshlánach. Ach tá súil ag TG4 go mbeidh téarnamh áirithe eacnamaíochta ann – agus tá comharthaí dearfacha ann go bhfuil an próiseas fada téarnaimh ar siúl cheana féin. De bhreis air sin, tá súil againn le feabhas éigin ar an earnáil fhógraíochta agus ar ár n-ioncam tráchtála.

Tá maoiniúchán agus ioncam riachtanach i dtaca le cothú agus forbairt leanúnach sheirbhís TG4. D'fhéad-fadh tionchar diúltach a bheith ag aon laghdú eile, ní amháin maidir leis an lucht féachana ach, freisin, maidir le cur chun cinn na Gaeilge agus chultúr na hÉireann agus ar fhostaíocht san earnáil léiriúcháin neamhspleách agus ar an ngeilleagar i gcoitinne.

Thar an mbliain 2013, is é an aidhm a bheidh ag TG4 forbairt sheirbhís TG4 a choimeád ar bun thar raon réimsí lena n-áirítear ár sceideal craolacháin Gaeilge agus ár seir-bhísí ábhair Gaeilge ar ardáin amhail ar líne, soghluaiste agus Teilifíseáin Chliste. Ina theannta sin, leanfaimid de bheith ag obair go dlúth leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách Gaeilge chun cabhrú lena neartú agus chun forbairt a dhéanamh ar chláir shiamsúla nua a mbeidh an lucht féachana in ann taitneamh a bhaint astu.

Buíochas

Tá roinnt daoine aonair agus eagraíochtaí ann ar mhaith le TG4 buíochas a ghabháil leo.

Ar dtús, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire, Pat Rabbitte T.D., agus le hoifigigh a Roinne as a dtacaíocht do TG4 sa bhliain 2012. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hÚdarás Craolacháin na hÉireann as a thacaíocht ar fud na bliana.

Ceapadh Bord nua TG4 sa bhliain 2012. I dtaca leis sin de, is mian liom buíochas a ghabháil le hiarchomhaltaí an Bhoird agus leis an gCathaoirleach, Peadar Ó Cuinn, as a







ndíograis i leith TG4 agus as an treoir a thug siad d'Fheidhmeannacht TG4.

Gabhaim buíochas freisin le Bord nua TG4 agus leis an gCathaoirleach nua, Siún Ní Raghallaigh. Táimid ag dréim le bheith ag obair leo sna blianta atá romhainn.

Tá ár mbuíochas tuillte freisin ag Bord Scannán na hÉireann, ag Ciste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann, ag Údarás na Gaeltachta agus, gan amhras, ag an earnáil léiriúcháin neamhspleách a chuireann cláir Ghaeilge ar fáil a chuireann go mór le sceideal craolacháin TG4.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le RTÉ agus lena Ardstiúrthóir, Noel Curran, as a dtacaíocht le TG4 agus as a soláthar bliantúil 365 uair an chloig d'ábhar Gaeilge do sheirbhís TG4.

Tá buíochas ag dul freisin do roinnt mhaith eagraíochtaí eile a n-oibrímid leo chun an Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a fhorbairt. Táimid buíoch díobh go léir agus táimid ag súil le bheith ag obair leo arís sa bhliain 2013.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe, is e sin le rá, lucht bainistíochta agus foireann TG4. Bliain dhúshlánach a bhí ann agus is mian liom mo bhuíochas a ghlacadh leo as ucht a n-oibre crua agus a dtiomantais i leith TG4.

Rialachas Corparáideach

An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chur i bhfeidhm

Ag a chruinniú a tionóladh i mí Iúil 2010, ghlac an Bord go foirmiúil an Cód Cleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit mar a bhí eisithe ag an Roinn Airgeadais i mBealtaine 2010.

Fuair an Bord nua faisnéas faoi chód 2010 ag a chruinniú ionduchtúcháin i mBealtaine 2012 agus thug siad téarmaí an chóid dá n-aire.

Dhearbhaigh an Coiste Iniúchóireachta go raibh athbhreithniú déanta aige ar rialaithe airgeadais inmheánacha Theilifís na Gaeilge sa bhliain 2012. Ghlac an Bord leis sin agus tuairiscíodh amhlaidh i miontuairiscí chruinniú an Bhoird a tionóladh ar an 17 Nollaig 2012.

Cuireadh treoir ar fáil do gach comhalta Boird chomh maith maidir leis na cóid iompair i gcúrsaí eitice agus go háirithe maidir lena bhfuil de fhreagracht orthu i ndáil leis an gcód iompair do chomhaltaí agus d'fhoireann Theilifís na Gaeilge.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001

Is comhlacht poiblí forordaithe é Bord Theilifís na Gaeilge chun críche an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001.

Tá comhairle tugtha do chomhaltaí uile an Bhoird, ina gcáil mar shealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe, agus do gach duine den fhoireann a bhfuil post ainmnithe acu maidir lena n-oibleagáidí faoin reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí eitice agus tá treoir chuí tugtha dóibh ina leith.

Bainistiú Rioscaí

Ós rud é go n-aithnítear an tábhacht a ghabhann le bainistiú rioscaí, chuaigh an Bord i mbun athbhreithnithe iomláin ar rioscaí san eagraíocht sa bhliain 2012. Tíolacadh tuarascáil mheasúnaithe rioscaí don Bhord ag a chruinniú i mí na Nollag 2012. Ag an gcruinniú sin, ghlac an Bord leis na rioscaí ionchasacha agus leis na straitéisí maolaithe rioscaí de réir mar a bhí leagtha amach sa tuarascáil.

Aontaíodh, ina theannta sin, gur próiseas leanúnach é seo. Dá bhrí sin, déanfar an clár rioscaí a uasdátú le linn na bhliana 2013 agus tíolacfar don Bhord é in am trátha. Bhunaigh an Bord na coistí seo a leanas chun cabhrú leis le linn a ndualgais a chomhlíonadh: an Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Luach Saothair agus an coiste digiteach. Tá comhaltaí na gcoistí sin liostaithe faoin roinn dar teideal Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile.

Áirítear na nithe seo a leanas i ról agus i bhfreagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta:

- An plean iniúchóireachta inmheánaí don bhliain atá romhainn a aontú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ón iniúchóireacht inmheánach maidir le héifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm moltaí.
- Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht fheidhm iniúchóireachta inmheánaí na cuideachta i gcomhthéacs chóras foriomlán na cuideachta maidir le bainistiú rioscaí.

Áirítear na nithe seo a leanas i ról agus i bhfreagrachtaí an Choiste Luach Saothair:

- An creat maidir leis an luach saothair d'Ardstiúrthóir na cuideachta agus do dhaoine eile de chuid an lucht bainistíochta feidhmiúcháin a shocrú agus a aontú leis an mBord.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht agus ábharthacht an pholasaí maidir le luach saothair faoi láthair.
- Ceadú scéimeanna pá a bhaineann le feidhmíocht agus atá á n-oibriú ag an gcuideachta agus ceadú na n-íocaíochtaí iomlána bliantúla a dhéantar faoi scéimeanna den sórt sin.
- Freagracht as roghnú aon chomhairleoirí luach saothair a thugann comhairle don chuideachta.

Díolaíochtaí le Stiúrthóirí

Chomhlíon TG4 na treoirlínte lena rialaítear íoc táillí le Cathaoirleach agus le Stiúrthóirí Comhlachtaí Stáit, ar treoirlínte iad a d'eisigh an tAire Airgeadais i mí Iúil 1992. (Féach an tábla ar an leathanach sin ina dhiaidh seo).

Bord TG4	Dáta a Ceapadh (más ann)	Táillí €'000	Caiteachais €'000	Líon na gCruinnithe
Peadar Ó Cuinn *(Cathaoirleach – Dáta scoir 31/3/2012)*	–	5.4	1	2
Pól Ó Gallchóir *(Ardstiúrthóir)*	–	3.4	2	7
Pádraic Mac Donncha *(Dáta scoir 31/3/2012)*	–	3.2	1	2
Regina Uí Chollatáin *(Dáta scoir 31/3/2012)*	–	3.2	1	1
Bríd Ní Neachtain *(Dáta scoir 31/3/2012)*	–	3.2	–	2
Fergal Ó Sé *(Dáta scoir 31/3/2012)*	–	3.2	1	2
Méabh Mhic Gairbheith *(Dáta scoir 31/3/2012)*	–	3.2	1	2
Eilís Ní Chonnaola *(Dáta scoir 31/3/2012)*	–	3.2	–	2
Méadhbh Nic an Airchinnigh *(Dáta scoir 31/3/2012)*	–	3.2	–	2
Seosamh Ó Conghaile *(Dáta scoir 31/3/2012)*	17 Aibreán 2012	12.1	–	7
Rónán Ó Coisdealbha	–	12.6	–	7
Concubhar Ó Liatháin	–	12.6	2	6
Siún Ní Raghallaigh *(Cathaoirleach)*	17 Aibreán 2012	15.4	–	5
Andréa Ní Éalaithe	17 Aibreán 2012	9.0	1	5
Des Geraghty	17 Aibreán 2012	9.0	2	5
Mairéad Ní Cheoinín	17 Aibreán 2012	9.0	2	5
Micheál Seoighe	17 Aibreán 2012	9.0	–	4
Mairéad Nic Suibhne	17 Aibreán 2012	–	2	5
Michelle Ní Chróinín	17 Aibreán 2012	–	–	4
Oiliúint don Bhord			5	
Táillí agus caiteachais chomhaltaí an Bhoird		**119.9**	**21**	

Ar an 21 Nollaig 2012, bhí 10 gcomhalta neamhfheidhmiúcháin ar an mBord mar aon le comhalta feidhmiúcháin amháin, is é sin, an tArdstiúrthóir.

Athbhreithniú Airgeadais 2012

Athbhreithnithe ar Ioncam agus ar Chaiteachas

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar fheidhmíocht TG4 maidir le hioncam agus caiteachas i rith na bliana 2012 i dtéarmaí na bpríomhfhoinsí ioncaim agus na príomhbhealaí ina n-úsáidtear é, i dtéarmaí na nithe sin is príomhshiocair le costais ar an gcainéal agus i dtéarmaí na béime foriomláine ar chúrsaí éifeachtúlachta agus ar luach ar airgead. Déantar comparáid san athbhreithniú freisin idir feidhmíocht TG4 i rith na bliana 2011 agus an fheidhmíocht sa bhliain 2010 faoi na 4 cheannteideal seo a leanas:

1. **Ioncam**
2. **Caiteachas Oibriúcháin**
3. **Rialú Costas & Éifeachtúlacht sa bhliain 2012**
4. **Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2012**

1. Ioncam

Mar is léir ó Thábla 1 thíos, €35.92m a bhí san ioncam iomlán (maoiniúchán reatha státchiste agus ioncam tráchtála) sa bhliain 2012 (2011: €35.86m). I gcomparáid leis an mbliain roimhe seo, tháinig méadú fíorbheag 0.2% ar ioncam iomlán TG4. €32.75m a bhí sa mhaoiniúchán reatha státchiste (2011: €32.75m) den tsuim sin agus b'ionann é agus 91.2% (2011: 91.3%) d'ioncam iomlán TG4 agus ba é a bhí san ioncam tráchtála ná 8.8% sa bhliain 2012, is é sin, €3.17m (2011: €3.11m).

Tháinig méadú 2% ar an ioncam tráchtála d'ainneoin go raibh margadh dúshlánach eacnamaíochta agus margadh iomaíoch fógraíochta ann in Éirinn.

Tábla 1: **Ioncam TG4 2012**

	2012		2011	
Tuairisc	**€'000**	**%**	**€'000**	**%**
Deontas i gCabhair	32,750	91.2%	32,750	91.3%
Ioncam tráchtála (fógraíocht agus urraíocht)	1,762	4.9%	1,801	5.0%
Ioncam tráchtála eile	1,409	3.9%	1,309	3.7%
Ioncam Iomlán	**35,921**	**100%**	**35,860**	**100%**

2. Caiteachas Oibriúcháin

I dtéarmaí an chaiteachais bhliantúil oibriúcháin, leag TG4 béim i gcónaí ar mhúnla oibriúcháin a oibríonn chomh héifeachtúil agus is féidir agus ar bhainistiú costas chun luach ar airgead a chinntiú thar na gníomhaíochtaí go léir. Ba é a bhí sa chaiteachas oibriúcháin iomlán sa bhliain 2012 ná €35.93m, sin méadú 0.15% i gcomparáid leis an gcaiteachas sa bhliain 2011. *Féach* ***Tábla 2*** *thíos.*

Tábla 2: **Caiteachas Oibriúcháin TG4 2012 vs 2011**

	€'000		Athrú %
	2012	2011	2012 vs 2011
Costas Díolachán	565	553	2%
Costas Foirne	5,260	5,166	2%
Caiteachas ar Chláir	22,981	22,999	(0.08%)
Costais Eile (Forchostais, costais Tarchur-adóireachta agus costais Mhargaíochta san áireamh)	7,124	7,157	(0.5%)
Caiteachtas Oibriúcháin Iomlán	**35,930**	**35,875**	**0.15%**

3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht

Lean TG4 de bheith ag oibriú go héifeachtúil, go cost-éifeachtúil agus go stuama sa bhliain 2012. Baineadh amach sábháil airgid thar raon leathan ionad costais agus baineadh tuilleadh úsáide as acmhainní chun ábhar a sholáthar ar rátaí níos cost-éifeachtaí.

San iomlán, i gcomparáid leis an sprioc 1709 n-uaire an chloig, chuir TG4 1669 n-uaire an chloig d'ábhar bunaidh Gaeilge ar fáil sa bhliain 2012. B'ionann sin agus méadú 3.34% i gcomparáid leis an mbliain 2011.

4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2012

Mar a léirítear ina ghealltanais don bhliain, chaith TG4 céatadán 71% ar a laghad dá mhaoiniúchán reatha Státchiste ar ábhar Gaeilge a léiriú i rith na bliana 2012 mar atá le sonrú i dTábla 3 thíos, chomh maith le 16% breise (2011: 15%) dá mhaoiniúchán reatha a chaith-eamh ar chostais dhíreacha craolacháin. San iomlán, bhí méadú beag ar leibhéil laethúla aschuir TG4 maidir le hábhair nua Gaeilge ó 4.42 uair an chloig go dtí 4.57 uair an chloig in aghaidh an lae.

Tábla 3: **Caiteachas ar Ábhar Gaeilge**

	2012		2011	
Cur Síos	**€'000**	**%**	**€'000**	**%**
Maoiniúchán reatha Státchiste	32,750	100%	32,750	100%
Cláir Ghaeilge: Cláir choimisiúnaithe	17,785	54.3%	17,541	53.6%
Cláir a fuarthas / a dubáladh / a fotheidealaíodh	3,851	11.8%	4,201	12.8%
Costais foirne léiriúcháin (lena n-áirítear tuarastail)	1,758	5.4%	1,759	5.4%
Costais Iomlána Léirithe Ábhair Gaeilge	**23,394**	**72%**	**23,501**	**72%**

Ráitis Airgeadais

Clár an Ábhair

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird 32
Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach 33
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 34
Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta 35
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 37
Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána 38
Clár Comhardaithe 39
Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid 40
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 41

Ráitis Airgeadais

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

Leagann an tAcht Craolacháin 2009 dualgas ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú gach bliain airgeadais a thugann léargas cruinn cóir ar staid reatha Theilifís na Gaeilge agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain sin.

Le linn na ráitis sin a ullmhú, ceanglaítear mar a leanas ar an mBord:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú, agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach cuí glacadh leis go leanfaidh Teilifís na Gaeilge de bheith ar marthain.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth áirithe, staid airgeadais Theilifís na Gaeilge agus a gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha an Achta agus na Cleachtais Chuntasaíochta Choitianta a bhfuil glacadh leo in Éirinn.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní Theilifís na Gaeilge a choimirciú agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntais an Bhoird in Oifigí Theilifís na Gaeilge, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Dáta: 8 Meitheamh 2013

Ráitis Airgeadais

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Theilifís na Gaeilge (TG4), admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a sholáthar go ndéantar sócmhainní a choimirciú, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá bearta déanta ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach ann tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Nósanna imeachta ag leibhéal na bainistíochta a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun sócmhainní na heagraíochta a choimirciú;
- An struchtúr eagrúcháin agus freagrachtaí agus cumhachtaí an lucht bainistíochta, mar aon leis an gcuntasacht a ghabhann leis na nithe sin, a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta a bhunú chun taifeadadh a dhéanamh ar mhainneachtainí suntasacha agus a chinntiú go ndéantar gniomhartha cuí ceartúcháin.

Tá próiseas curtha ar bun maidir le priacail ghnó a shainaithint, a mheasúnú, a mhaolú agus a bhainistiú ar próiseas é ina n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Cineál, méid agus impleacht airgeadais na bpriacal atá ann do TG4 a shainaithint, lena n-áirítear rangú a dhéanamh i leith na bpriacal suntasach go léir;
- Measúnú a dhéanamh i dtaobh an dócha go dtarlóidh na priacail sainaitheanta agus ar chumas TG4 na priacail a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bpróiseas bainistithe priacal.

Tá plean teagmhasach ag TG4 a chinnteoidh leanúnachas do gach seirbhís riachtanach sa gcás go dtarlódh idirscor i soláthar reatha na seirbhísi sin.

Tá an córas rialaithe inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta.

Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord Stiúrthóirí athbhreithniú air agus é a cheadú
- Athbhreithnithe rialta ón mBord Stiúrthóirí ar thuarascálacha airgeadais míosúla agus bliantúla a léiríonn gníomhaíocht agus feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíochtaí eile a mheas
- Nósanna imeachta do rialú infheistíochta caipitiúla
- Disciplíní bainistíochta tionscadal

Úsáideann TG4 foinsí allamuigh dá feidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmíonn de réir an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúchóireachta.

Bíonn tionchar ag torthaí an phróisis bhainistíochta riosca ar an bplean iniúchta inmheánaigh bliantúil agus tá sé leagtha amach lena dheimhniú go bhfeidhmíonn na srianta inmheánacha a mbítear ag brath orthu, i gcónaí.

Tá an anailís riosca agus an plean iniúchta inmheánaigh formhuinithe ag an gCoiste Iniúchóireachta a bhuaileann le chéile ar bhonn rialta, agus ní níos lú ná ceithre huaire in aghaidh na bliana, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha a bhíonn ullmhaithe ag feidhm an Iniúchta Inmheánaigh. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta go rialta don Bhord maidir leis na cúrsaí a mbíonn breithniú déanta aige orthu.

Cuidíonn obair an Iniúchóra Inmheánaigh, Coiste Iniúchóireachta an Bhoird féin agus na bainisteoirí sinsearacha laistigh de TG4 a bhfuil cuntasacht orthu faoi fhorbairt agus chothabháil an chreata rialaithe airgeadais le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus bíonn tionchar aici orthu.

Deimhním gur ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh, sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2012.

Sínithe thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Dáta: 8 Meitheamh 2013

Ráitis Airgeadais

Tuarascáil an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Teilifís na Gaeilge

Tá ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 iniúchta agam mar a fhoráiltear faoi Alt 37 den Acht Craolacháin 2009. Tá na ráitis airgeadais, a hullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ar ghnóthachain agus ar chaillteanais iomlána aitheanta, an clár comhardaithe, an ráiteas faoin sreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 37 den Acht agus de réir chleachtais cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn.

Freagrachtaí an Bhoird

Bord Theilifís na Gaeilge atá freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom maidir leis an riocht ina bhfuil cúrsaí Theilifís na Gaeilge agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht a n-idirbhearta a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é mo fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh faoi réir na dtosca speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir na gCaighdeán Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Cumhdaíonn iniúchadh faisnéis a fháil maidir leis na méideanna agus na nochtaithe sna ráitis airgeadais, ar leor iad chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhí-ráiteas ábhartha cibé calaois nó earráid is cúis leis sin. Áiritear ar sin:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí do thosca Theilifís na Gaeilge agus gur cuireadh i bhfeidhm iad go seasmhach agus gur nochtaíodh iad go leormhaith
- cé chomh réasúnta is a bhí na meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil le linn an iniúchta maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Chomh maith leis sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil Theilifís na Gaeilge chun aon neamhréireachtaí leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a hullmhaíodh go cuí de réir chleachtais cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn, léargas fíor agus cothrom maidir le riocht ghnóthaí Theilifís na Gaeilge an 31 Nollaig 2012 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag Teilifís na Gaeilge. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Nithe a Thuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- má bhí aon chás ábhartha ann nár úsáideadh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí ar intinn nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- nuair nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil Theilifís na Gaeilge de réir na ráiteas airgeadais gaolmhar, nó
- nuair nach léiríonn an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánach géilliúlacht Theilifís na Gaeilge don Chód Cleachtais um Rialú Chomhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin faoina ndéantar tuairisc trí eisceacht.

Seamus Mac Cárthaigh

Seamus Mac Cárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Meitheamh 2013

Ráitis Airgeadais

Ráiteas Faoi Bheartais Chuntasaíocht

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais.

1. Bunú Theilifís na Gaeilge

Is é Teilifís na Gaeilge an craoltóir Gaeilge a bunaíodh go reachtúil agus atá anois ann faoi réir na bhforálacha san Acht Craolacháin 2009.

2. An Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir prionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais mar a eisítear iad ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta de réir mar a thagann siad chun feidhme.

Tá na ráitis airgeadais á n-ainmniú in Euro.

3. Aithint Ioncaim

Ioncam Trách tála

Seasann ioncam tráchtála don teacht isteach ó dhíolacháin ama craolta, urraíocht agus gníomhaíochtaí coimhdeacha. Aithnítear díolacháin, a léirítear glan ar CBL, sa chuntas ioncaim agus caiteachais nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

Muirearáitear coimisiún maidir le díolacháin don chuntas ioncaim agus caiteachais mar a thabhaítear.

4. Caiteachas

Cuimsíonn caiteachas caiteachas oibríochta agus caipitil. Cuimsíonn glanchaiteachas oibriúcháin caiteachas na gclár agus riaracháin, glan ar theacht isteach tráchtála.

Déantar caiteachas clár a mhuirearú don chuntas ioncaim agus caiteachais mar a thabhaítear é.

5. Deontais ón Stát

Déantar glanchaiteachas oibríochta Theilifís na Gaeilge a mhaoiniú trí dheontas a fhaightear ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Aithnítear an deontas sa chuntas ioncaim agus caiteachas sa bhliain a bhfuarthas é.

Déantar caiteachas caipitil a mhaoiniú ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha trí dheontais chaipitil. Déantar na deontais seo a amúchadh ar an mbonn céanna go ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Léirítear sócmhainní seasta inláimhsithe ag an gcostas lúide muirear dímheasa agus aon soláthar do lagú.

Déantar dímheas a sholáthar ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, cé is moite de thalamh, ag rátaí a ríomhtar chun costas bunaidh gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhunús de réir méid cothrom thar a saolré fónta, lúide luach iarmharach measta, mar seo a leanas;

	%
Foirgnimh	2.5
Trealamh	7.5 - 20
Feistis	10

Déantar na costais fhorbartha ar bhogearraí do mhórchórais a chaipitliú agus a dhímheas de réir an chostais trealaimh a bhaineann leis ón dáta feidhmithe.

7. Sócmhainní Airgeadais – Infheistíocht i MBSN

Tugann Teilifís na Gaeilge cuntas ar a infheistíocht i MBSN ar a chostas. I measc na Sócmhainní Seasta tá suim €1 i ndáil lena infheistíocht i ngnáth-scaireanna sa gcuideachta sin.

Bunaíodh an chuideachta mar eagras neamhbhrabúsach a bhfuil a chostais á maoiniú ag RTÉ agus DCMS sa Ríocht Aontaithe. Dá bhrí sin ní thugann ráitis airgeadais TG4 aon léargas ar ioncam ná ar chostais an chomhfhiontair.

8. Cánachas

Tá cáin chorparáide iníoctha á solathar ar bhrabúis inchánacha ag rátaí reatha.

Aithnítear cáin iarchurtha i leith gach difríocht uainiúcháin a tionscnaíodh ach nár freaschuireadh ag dáta an chláir chomhardaithe i gcás gur tharla idirbhearta nó imeachtaí, ag dáta an chláir chomhardaithe, a raibh de thoradh orthu go raibh oibleagáid ann breis cánach a íoc amach anseo, nó ceart chun níos lú cánach a íoc amach anseo.

Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí ama idir barrachas a ríomhtar chun críocha cánach agus barrachas a luaitear sna ráitis airgeadais a eascraíonn toisc go ndéileáiltear le míreanna áirithe ioncaim agus caiteachais sna ráitis airgeadais i mblianta éagsúla chun críocha cánach.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a meastar a bheidh i bhfeidhm sna blianta ina meastar go n-aisiompóidh na difríochtaí uainiúcháin, bunaithe ar rátaí cánach agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dháta an chláir chomhardaithe.

Ní lascainítear cáin iarchurtha.

9. Airgead Coigríche

Déantar idirbhearta ainmnithe in airgid choigríche a aistriú isteach go euro ag na rátaí malairte a fheidhmítear ar lá na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgid choigríche ag na rátaí malairte atá in uachtar ar dháta an chláir chomhardaithe agus áirítear gnóthachan nó caillteanas a eascraíonn dá bharr i gcuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain.

10. Pinsin

Déanann Teilifís na Gaeilge ranníocaíochtaí maidir le scéim pinsin le sochar sainithe agus le ranníocaíocht.

Ráitis Airgeadais

Scéim le ranníocaíocht sainithe
Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim le ranníocaíochtaí sainithe d'fhostaithe áirithe. Gearrtar íocaíochtaí chun na scéime seo ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais na bliana lena mbaineann siad.

Scéim le sochar sainithe
Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim le ranníocaíochtaí sainithe do bheirt dá chuid oifigeach – an tArdstiúrthóir agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach. Maoinítear an scéim seo ó íocaíochtaí ó Theilifís na Gaeilge agus ón mbeirt oifigeach lena mbaineann agus aistrítear seo chuig ciste ar leith atá á riaradh ag iontaobhaithe.

Is é atá sa bhfigiúir do mhuirear pinsin sa gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ná an costas reatha seirbhíse móide an difríocht idir an aisíoc ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar fhiachas na scéime.

Aithnítear gnóthachan agus caillteanas achtúire a eascraíonn ó athruithe i mboinn tuisceana achtúire agus ó bharrachas agus easnaimh thaithí i ráiteas gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána na bliana ina dtarlaíonn said.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a thomhas ar a luach cóir. Déantar dliteanais scéime pinsin a thomhais ar bhonn achtúire ag úsáid an mhodha aonaid theilgthe. Léirítear mar dliteanas nó mar sócmhainn ar an gClár Comhardaithe farasbarr dliteanais scéime thar sócmhainní, de réir mar is cuí.

Is ionann an cúlchiste pinsin agus an farasbarr maoinithe ar an scéim shochair shainithe pinsin.

11. **Tiomantais Léasa**
Tá sócmhainní seasta inláimhsithe a fuarthas faoi léasanna airgeadais san áireamh sa Chlár Comhardaithe ag a luach caipitil chóibhéiseach agus déantar iad a dhímheas thar thréimhse an léasa agus a gcuid saol úsáideach. Taifeadtar na dliteanais chomhfhreagracha thar an tréimhse is giorra den téarma léasa agus thar a dtréimhse mar chreidiúnaí fónta. Déantar an eilimint úis de na híosanna léasa airgeadais a mhuirearú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais go bliantúil. Déantar íosanna léasa oibriúcháin a mhuirearú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn na líne dírí thar thréimse an léasa.

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
Díolacháin			
Ioncam Tráchtála	2	3,171	3,110
Costas Díolacháin	2	(565)	(553)
Glan Díolacháin		2,606	2,557
Caiteachas			
Costas Foirne	3	5,260	5,166
Speansais agus costais chomhaltaí an Bhoird	4	142	185
Caiteachas Clár	5	22,981	22,999
Costas Tarchuir		3,557	3,404
Margaíocht agus Taighde	6	1,528	1,554
Forchostais	7	1,868	1,985
Dímheas	9	1,753	1,302
Caiteachas Iomlán		37,089	36,595
Glan chaiteachas oibriúcháin don bhliain		(34,483)	(34,038)
Ús faighte agus ioncam chomhchosúil	8	7	2
Barrachas/(Easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta		2	(7)
		(34,474)	(34,043)
Maoiniú Stáit	11	34,474	34,023
Barrachas/(Easnamh)ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		–	(20)
Cánachas	12	(3)	(5)
Easnamh coinnithe don bhliain		**(3)**	**(25)**

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1-27.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir

Dáta: 8 Meitheamh 2013

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge

Ráiteas ar Ghnóthachain & ar Chaillteanais Iomlána don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
Easnamh coinnithe don bhliain airgeadais		(3)	(25)
(Caillteanas)/gnóthachain achtúireacht ar shócmhainní na scéime pinsin	**19**	(56)	5
Caillteanas aitheanta iomlán don bhliain		(59)	(20)

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí 1-27.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir

Dáta: 8 Meitheamh 2013

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

	Nótaí	€'000	2012 €'000	€'000	2011 €'000
Sóchmhainní Seasta					
Sócmhainní inláimhsithe	**9**		10,902		11,619
Sócmhainní airgeadais	**22**		–		–
			10,902		11,619
Sócmhainní Reatha					
Féichiúnaithe	**13**	1,599		1,553	
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	**14**	124		81	
		1,723		1,634	
Dliteanais Reatha					
Creidiúnaithe-méideanna dlite lastigh de bhliain amháin	**15**	(2,132)		(1,842)	
Glan-dliteanais reatha			(409)		(208)
Glan-sócmhainní gan sócmhainn pinsin			10,493		11,411
Sócmhainn pinsin	**19**		79		109
Glan sócmhainní lena n-áiritear sócmhainn pinsin			**10,572**		**11,520**
Caipiteal agus Cúlchistí					
Deontais Chaipitil	**10**		10,646		11,535
Cúlchistí Pinsin	**16**		79		109
Cúlchistí Ioncaim	**16**		(153)		(124)
			10,572		**11,520**

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí 1-27.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir

Dáta: 8 Meitheamh 2013

Ráitis Airgeadais

Teilifís na Gaeilge

Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
Gníomhaíochtaí oibríochta – glan insreabhadh airgid – glan ó dheontas stáit	**17**	241	74
Aischur ar infheistíocht agus ar sheirbhísiú airgeadais			
Ús faighte		5	2
Glan-insreabhadh airgid ó aischuir ar infheistíochtaí agus ar sheirbhisiú airgeadais		5	2
Cánachas			
Muirear cánach don bhliain	**12**	(3)	(5)
Glan eis-sreabhadh airgid ó chánachas		(3)	(5)
Caiteachas caipitil			
Íocaíocht chun sóchmhainní seasta inláimhsithe a fháil	**9**	(1,060)	(3,542)
Fáltais ó dhíolachán sócmhainní dochta		25	–
Deontais chaipitil stáit	**10**	835	3,510
Glan eis-sreabhadh airgid ó chaiteachas caipitil		(200)	(32)
Glan insreabhadh airgid	**18**	43	39

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí 1-27.

Thar ceann Bhord Teilifís na Gaeilge:

Siún Ní Raghallaigh
Cathaoirleach

Pól Ó Gallchóir
Ardstiúrthóir

Dáta: 8 Meitheamh 2013

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

1. Príomhghníomhaíocht

Is é príomhghníomhaíocht Theilifís na Gaeilge cainéal teilifíse Gaeilge, TG4 a fheidhmiú.

2. Glandíolacháin

	2012 €'000	2011 €'000
Ioncam Tráchtála		
Díolachán am craolta	1,762	1,801
Muirear amach saoráidí	575	562
Ioncam Ilghnéitheach	834	747
	3,171	3,110
Costas Díolacháin		
Coimisiún ar dhíolachán fógraíochta agus urraíochta	277	261
Costais dhíreacha	288	292
	565	553
Glandíolacháin	2,606	2,557

3. Costais Foirne

Ba 84 duine an meán uimhir fostaithe a bhí fostaithe ag Teilifís na Gaeilge le linn na bliana (2011:88). Bhí costais fostaithe le linn na bliana comhdhéanta:

	2012 €'000	2011 €'000
Pá agus tuarastail	4,406	4,423
Costais leasa shóisialaigh	488	476
Costais phinsin	430	496
Taisteal agus cothabháil	106	109
Oiliúint	32	34
Costais foirne eile	26	46
	5,488	5,584
Costais foirne caipitlithe	(228)	(418)
Iomlán na gcostas foirne	5,260	5,166
Luach Saothair an Ardstiúrthóra		
Bunthuarastal	171	162
Rannícoca pinsin an Fhostóra	62	59
Sochair eile	3	3
Táillí an Bhoird	3	13
(Níor íocadh Táillí Boird leis an Ardstiúrthóir tar éis Aibreán 2012)		
	239	237

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí			
4.	**Costais an Bhoird**	**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Táillí (nóta 20)	120	160
	Taisteal agus cothbháil	22	25
		142	185
5.	**Costais chlár**	**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Cláir a coimisiúnaíodh	17,784	17,541
	Cláir a ceannaíodh	2,601	2,959
	Costais dubála agus costais eile	2,596	2,499
		22,981	22,999
6.	**Margaíocht agus Taighde**	**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Fógraíocht agus margaíocht	1,361	1,428
	Tomhais agus taighde ar an lucht féachana	162	119
	Speansais comhairle an lucht féachana	5	7
		1,528	1,554
7.	**Forchostais**	**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Speansais áitrimh agus trealaimh	684	564
	Speansais ghairmiúla agus airgeadais	220	168
	Tobhach tionscail íoctha	421	671
	Speansais ghinearálta agus oifige	543	582
		1,868	1,985
	San áireamh i gcostais ghinearálta agus oifige tá €2,000, ús agus pionóis a bhaineann le glanadh Cháin Bhreis Luacha €16,000 leis na Coimisinéirí Ioncaim i 2012, lena mbaineann €8,000 le costais tarchuir, €3,000 le ioncam eile agus €4,000 le sócmhainní seasta. Glanadh deonach leis na Coimisinéirí Ioncaim ab ea é seo.		
8.	**Ús faighte**	**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Ús ar na cuntais bainc (comhlán)	7	2

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí 9. Sócmhainní Seasta inláimhsithe	Talamh & Foignimh €'000	Trealamh €'000	*Sócmhainní atá á dtógáil €'000	Fearais & Feistis €'000	Iomlán €'000
Costas					
Amhail an 1 Eanáir 2012	7,540	16,700	2,667	618	27,525
Aistriú	–	969	(969)	–	–
Diúscairt	–	(51)	–	–	(51)
Breisithe	68	545	437	10	1,060
Amhail an 31 Nollaig 2012	**7,608**	**18,163**	**2,135**	**628**	**28,534**
Dímheas Carntha					
Amhail an 1 Eanáir 2012	2,416	12,940	–	550	15,906
Diúscairt	–	(27)	–	–	(27)
Muirear don bhliain	192	1,540	–	21	1,753
Amhail an 31 Nollaig 2012	**2,608**	**14,453**	**–**	**571**	**17,632**
Glanluach Leabhair Amhail an 31 Nollaig 2012	**5,000**	**3,710**	**2,135**	**57**	**10,902**
Amhail an 31 Nollaig 2011	**5,124**	**3,760**	**2,667**	**68**	**11,619**

*Sócmhainní á dTógáil: baineann seo le forbairt ar Thogra Eatramhach Ardghléine. Bhain caiteachas le linn na bliana le costais foirne €228,000 (meastachán bunaithe ar thuarastal bliantúil na foirne agus an méid ama a caitheadh ar an togra i 2012) agus caiteachas ar chrua-earraí a bhaineann leis an togra. Rinne páirtchoimisiúnú ar an gcóras ardghléine i 2012 agus dá thoradh sin aistríodh suim €969,000 go trealamh.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe faoi Léas Airgeadais

San áireamh i Sócmhainní Seasta Inláimhsithe tá sócmhainní a shealbhaítear faoi Léas Airgeadais mar seo a leanas:

	2012		2011	
	Glanluach Leabhair €'000	Muirear Dímheasa €'000	Glanluach Leabhair €'000	Muirear Dímheasa €'000
Trealamh	6	4	10	4

10. Deontais Chaipitil	2012 €'000	2011 €'000
Deontais Chaipitil faighte agus infhaighte		
Iarmhéid tosaigh	16,358	12,848
Deontais faighte le linn na bliana (Nóta 11)	835	3,510
Iarmhéid deiridh	17,193	16,358
Amúchadh		
Iarmhéid tosaigh	4,823	3,550
Amúchta le linn na bliana	1,724	1,273
Iarmhéid deiridh	6,547	4,823
Glanluach leabhair-deontais chaipitil	10,646	11,535

Is ionann deontais chaipitil agus maoiniú stáit a fuarthas i ndáil le caiteachas caipitil a thabhaigh Teilifís na Gaeilge. Amúchtar deontais chaipitil ar an mbonn céanna a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí			
11.	**Maoiniú Stáit**		
	Is ionann deontais ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus maoinú Rialtais a fhaightear i leith caiteachas reatha a thabhaíonn Teilifís na Gaeilge.		
	Maoiniú Stáit curtha chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais	**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Deontais faighte sa bhliain	32,750	32,750
	Deontais caipitil amúchta (Nóta 10)	1,724	1,273
		34,474	34,023
	Ba €33.59m an leithroinnt ar fad do 2012, comhdhéanta as:		
	Deontais faighte do chaiteachas reatha	32,750	32,750
	Deontais a fheidhmítear do chríocha caipitil	835	3,510
	Iomlán faighte	33,585	36,260
12.	**Cáin ar Bhrabús ó Gnáthghníomhaíochtaí**	**2012 €'000**	**2011 €'000**
(a)	*Anailís ar mhuirear cánach sa bhliain*		
	Muirear cháin chorparáide don bhliain	3	5
	Muirear ar bhlianta siar	–	–
		3	5
(b)	*Fachtóirí le tionchar ar mhuirear cánach na bliana*		
	Tá an ráta éifeachtach cánach don bhlian níos airde ná ráta caighdeánach cháin chorparáideach na hÉireann de 12.5%. Tá na difríochtaí mínithe thíos:		
		2012 €'000	**2011 €'000**
	Brabús/(Caillteanas) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	–	(20)
	Brabús/(Caillteanas) ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoin ráta caighdeánach cháin chorparáide na hÉireann de 12.5% (2011:12.5%).	–	(3)
	Éifeachtaí:		
	Ioncaim incháinithe ag ráta cánach níos airde	11	9
	Barrachas na ndeontas caipitil a amúchtar agus liúntas chaipitiúla thar dímheas	–	(1)
	Caiteachas neamhasbhainte	(8)	–
		3	5

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí				
13.	**Féichiúnaithe**		**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Féichiúnaithe trádála		750	804
	CBL inaisíoctha		300	537
	Cáin corparáideach inaisíochta		9	14
	Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe		540	198
			1,599	1,553
	Meastar go bhfuil gach iarmhéid inaisghábhála laistigh de bhliain amháin.			
14.	**Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh**		**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Airgead tirim ar láimh		1	1
	Cuntais bhainc		123	80
			124	81
15.	**Creidiúnaithe-dlite laistigh de bhliain amháin**		**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Creidiúnaithe trádála		722	945
	Fabhruithe agus ioncam iarchurtha		1,342	832
	Creidiúnaí ranníoca pinsin		68	65
			2,132	1,842
16.	**Cúlchistí ioncaim**	**Cúlchiste Pinsin €'000**	**Cúlchiste Ioncaim €'000**	**Iomlán €'000**
	Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2012	109	(124)	(15)
	Easnamh coinnithe don bhliain	–	(3)	(3)
	Caillteanas/Barrachas achtúireachta	(56)	–	(56)
	Coigeartú cúlchiste pinsin	26	(26)	–
	Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2012	79	(153)	(74)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí 17.	**Réiteach Barrachais don bhliain chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin**	**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cánach	–	(20)
	Gníomhaíochtaí neamhoibriúcháin		
	Ús faighte (glan)	(5)	(2)
	(Easnamh)/Barrachas ó dhíolachán sócmhainní dochta	(2)	7
	Míreanna nach airgead iad		
	Dí-mheas	1,753	1,302
	Deontais chaipitil a amúchadh	(1,724)	(1,273)
	Coigeartú sócmhainne pinsin	(26)	(33)
	(Ardú)/laghdú i bhféichiúnaithe	(46)	(31)
	(Laghdú)/ardú i gcreidiúnaithe	291	124
	Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**241**	**74**

18.	**Anailís ar Athruithe i nGlanchistí**	**Iarmhéid tosaigh €'000**	**Sreabhadh airgid €'000**	**Iarmhéid deiridh €'000**
	Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	1	–	1
	Taiscí ghearrthéarmacha	80	43	123
		81	43	124

19. Pinsean

a) Tuairisc ar an scéim

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim shochair shainithe agus ranníocaíocht shainithe dá cuid fostaithe. Maoinítear na scéimeanna agus coinnítear sócmhainní ar leithligh ó sócmhainní Theilifís na Gaeilge

	2012 €'000	**2011 €'000**
Tabhaíodh na costais phinsean seo a leanas le linn na bliana:		
Scéim ranníoca shainithe	354	429
Costas na scéime shocair shainithe **(Nóta 19 (g))**	76	67
	430	496

Déantar ranníocaíochta chuig an scéim shochair shainithe ag rátaí a mholann achtúirí cáilithe neamhspleácha.

An luacháil achtúireach iomlán is déanaí a hullmhaíodh amhail an 31 Nollaig 2012. Rinneadh na ríomha dliteanas agus costais trí úsáid a bhaint as sonraí ballraíochta a chuir riarthóirí na scéime ar fáil ag an dáta éifeachtach. Tá measúnú déanta ar na dliteanais agus na costais trí úsáid aonaid theilgthe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nóta 19. Pinsean (ar lean)

b) Bonn Tuisceana Airgeadais

Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achúireacha amhail an 31 Nollaig 2012 a úsáidtear chun críocha FRS 17:

	2012 %	2011 %
Ráta lascaine	3.70%	4.80%
Méadú ar innéascú praghsanna tomhaltais	2.50%	2.50%
Méadú ar thuillimh inphinsin	4.00%	4.00%
Méadú ar íocaíocht phinsin	4.00%	4.00%
Bannaí	3.10%	4.15%
Eile	0.50%	0.50%
Toradh ionchas foriomlán	2.50%	3.55%

Díoradh aischur ionchais foriomlán ar shócmhainní na scéime mar mheánchostas ulaithe na n-aischur ionchais ar na catagóirí sócmhainní arna sealbhú ag na scéim ar dháta oscailte an chláir chomhairdaithe.

Tá athrá déanta i nóta 19(b) ar fhigiúirí comparáideacha 'Bannaí' agus 'Eile'.

c) Cuirtear san áireamh sa mbonn mortlaíochta atá in úsáid anseo na feabhais in ionchais saoil le himeacht ama, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ag an scor ar an mbliain ag ar bhain comhalta amach an aois scoir (aois 60 bliain). Léiríonn an tábla thíos an t-ionchas saoil do chomhaltaí a shroichfeadh aois 60 bliain i 2012 agus i 2032.

Bliain ag sroichint aois 60	2012	2032
Ionchas saoil – fireann	86.3	89.1
Ionchas saoil – baineann	88.1	90.3

d) Athrú ar dhulgais sochair

	2012 €'000	2011 €'000
Luach reatha dualgas na scéime ag tús na bliana	388	294
Costas seirbhíse reatha	95	85
Costas úis	21	18
Gnóthachán/(caillteanas) achtúireacht	115	(9)
Luach reatha dualgas na scéime ag deireadh na bliana	619	388

e) Athrú ar shócmhainní scéime

	2012 €'000	2011 €'000
Luach cóir ar shócmhainní scéime ag tús na bliana	497	364
Aischur ionchais ar shócmhainní scéime	20	18
Gnóthachán/(caillteanas) achtúireacht	59	(4)
Ranníocaíochtaí fostóra	102	101
Ranníocaíochtaí comhaltaí	20	18
Luach cóir ar shócmhainní scéime ag deireadh na bliana	698	497

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí 19.	Pinsean (ar lean)		
f)	**Méideanna aitheanta sa chlár comhardaithe**	**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Luach reatha dualgais maoinithe	(619)	(388)
	Luach cóir ar shócmhainní scéime	698	497
	Glan-sócmhainn	79	109
g)	**Costais phinsin**	**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Costas seirbhíse reatha	95	85
	Costas úis	21	18
	Aischur ionchais ar shócmainní scéime	(20)	(18)
	Ranníocaíochtaí comhaltaí	(20)	(18)
	Iomlán	76	67
h)	Ba é an ghlan-chaillteanas achtúirigh a aithníodh sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 agus €56,000 (2011:€5,000 gnóthachain).		
i)	**Stair dhualgais shochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais**	**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Difríocht idir aischur ionchais fíor ar sócmhainne na scéime		
	Méid	59	(4)
	Céatadán do shócmhainní na scéime	8.5%	(0.7%)
	Gnóthachain/caillteanas aitheannta ar dliteanais na scéime		
	Méid	(5)	34
	Céatadán ar dhliteanais na scéime	0.8%	8.9%
	Tá athrá déanta i nóta 19(i) ar fhigiúirí comparáideacha 'difríocht idir aischur ionchais fíor ar sócmhainne na scéime'.		
j)	**Ranníocaíochtaí**		
	Tá súil ag an mBord €105,000 a ranníoc lena scéim i 2013.		
k)	**Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar shócmhainní scéim phinsin**	**2012 €'000**	**2011 €'000**
	Sochar lúide brabach ionchais iarbhír ar shócmhainní scéim phinsin	59	(4)
	Gnóthachain agus caillteanais ó na dliteanais	(5)	34
	Athraithe ar an mbonn tuisceana ar luacháil reatha dliteanas	(110)	(25)
	Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar shócmhainní scéim phinsin	(56)	5

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

20. Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a Leasanna

Tugtar thíos na Stiúrthóirí agus Rúnaí a d'fhóin i rith na bliana:

Stiúrthóir/Rúnaí	Dáta a Ceapadh le linn na bliana (más ann)	2012 €'000	2011 €'000
Peadar Ó Cuinn (Cathaoirleach – Dáta scoir 31 Márta 2012)	n/a	5.4	21.6
Pól Ó Gallchóir (Ardstiúrthóir)	n/a	3.4	12.6
Pádraic Mac Donncha (Dáta scoir 31 Márta 2012)	n/a	3.2	12.6
Regina Uí Chollatáin (Dáta scoir 31 Márta 2012)	n/a	3.2	12.6
Bríd Ní Neachtain (Dáta scoir 31 Márta 2012)	n/a	3.2	12.6
Fergal Ó Sé (Dáta scoir 31 Márta 2012)	n/a	3.2	12.6
Méabh Mhic Gairbheith (Dáta scoir 31 Márta 2012)	n/a	3.2	12.6
Eílís Ní Chonaola (Dáta scoir 31 Márta 2012)	n/a	3.2	12.6
Méadhbh Nic an Airchinnigh (Dáta scoir 31 Márta 2012)	n/a	3.2	12.6
Seosamh Ó Conghaile (Dáta scoir 31 Márta 2012)	Athcheaptha 17 Aibreán 2012	12.1	12.6
Rónán Ó Coisdealbha	n/a	12.6	12.6
Concubhar Ó Liatháin	n/a	12.6	12.6
Siún Ní Raghallaigh (Cathaoirleach)	17 Aibreán 2012	15.4	–
Andréa Ní Éalaithe	17 Aibreán 2012	9.0	–
Des Geraghty	17 Aibreán 2012	9.0	–
Mairéad Ní Cheóinín	17 Aibreán 2012	9.0	–
Micheál Seoighe	17 Aibreán 2012	9.0	–
Mairéad Nic Suibhne	17 Aibreán 2012	–	–
Michelle Ní Chróinín	17 Aibreán 2012	–	–
Pádhraic Ó Ciardha (Rúnaí an Bhoird)	n/a	–	–
Mary Uí Chadhain (Rúnaí)	n/a	–	–
		119.9	160.2

Costais €23,000 a bhain le baill an Bhoird i 2012, (2011:€25,000) le haghaidh:
Taisteal intíre €13,000 (2011:€19,000), Cothbháil €3,000 (2011:€4,000), Siamsaíocht €2,000 (2011: €2,000) agus Traenáil €5,000 (2011: €0). Faoi réir na bhforálacha san Acht Craolacháin 2009, ghlac an Bord le nós imeachta maidir le nochtadh leasanna áirithe ag comhaltaí agus comhlíonadh an nós imeachta seo i rith na bliana.

21. Áitreamh

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge as áitreamh i mBaile na hAbhann, Co na Gaillimhe. Tá úinéaracht ag Teilifís na Gaeilge ar rúileas an áitreamh i mBaile na hAbhann agus tá an oifig i mBaile Átha Cliath ar chíos. D'imigh an léas 4 bliana agus 9 mí as feidhm i 2012. Tá comhráite leanúnacha ar bun maidir le síneadh a chur leis. Gearrtar cíos bliantúil €19.9k.

22. Sócmhainní Airgeadais

Is comhfhiontar neamhbhrabúis é Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited (MBSN) a bhunaigh TG4 agus RTÉ inDeireadh Fómhair 2012. Bunaíodh an comhfhiontar chun tarchur digiteach trastíre saor go haer i dTuaisceart Éireann a éascú maidir le TG4, RTÉ1 agus RTÉ2. Trí gnáth-scair atá i scairchaipiteal na cuideachta, dhá ceann in úinéireacht RTÉ agus ceann in úinéireacht TG4. Rinne MBSN comhaontú le RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe (DCMS) inar haontaíodh gur seasfaidh RTÉ (dhá dtrian) agus DCMS (aon trian) costais tarchuir MBSN. Maoinítear costais eile ar nós costais réamh-chorpraithe agus costais leanúnacha riaracháin de réir an choibhnis chéanna ag RTÉ agus DCMS.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí

23. Tiomantais Chlár/Chearta Ceannacháin

Tá tiomantais chlár/chearta ceannacháin ag Teilifís na Gaeilge mar seo leanas:	**2012 €'000**	**2011 €'000**
Conraithe ach ní raibh soláthar déanta i leith amhail deireadh na bliana	17,813	26,146

24. Tiomantais

Tá tiomantais chaipitil ag Teililís na Gaeilge mar seo a leanas:	**2012 €'000**	**2011 €'000**
Conraithe ach ní raibh soláthar déanta ina leith amhail deireadh na bliana.	597	555

25. Idirbheartaíocht RTÉ

Fuair Teilifís na Gaeilge 365 uair (2011:365) de chláir Gaeilge saor in aisce ó RTÉ sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.

26. Neamhchosaint Airgeadra Coigríche

Is as íocaíochtaí ar cláracha ceannaithe go príomha a eascrann neamhchosaint airgeadra coigríche. Fálaíonn Teilifís na Gaeilge a neamhchosaint airgeadra coigríche trí réamh-chonarthaí don US Dollar a aontú nuair is cuí, dar leis. Luach iomlán a bhí orthu seo i 2012 ná $300,000 (2011:$1,250,000) . Ní raibh aon chonradh airgeadra coigríche amuigh ag deireadh na bliana, (2011: $0).

27. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord Stiúrtha na Ráitis Airgeadais ar an 22 Aibreán 2013.